BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ
KERRY EDUCATION AND TRAINING BOARD

# Plean Seirbhíse
# 2018

# Oideachas agus Oiliúint a Sholáthar Deiseanna ar Fud an Chontae



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Boird Oideachais & Oiliúna | 5 |
| Réamhrá ón PF | 7 |
| Cúlra | 8 |
| Misean & Croíluachanna BOO Chiarraí | 9 |
| Limistéir agus Láithreacha Geografacha | 10 |
| Eolas staitistiúil maidir le Ciarraí | 13 |
| Ráiteas ar Sheirbhísí – Scoileanna/Seirbhísí | 22 |
| Ráiteas ar Sheirbhísí – Breisoideachas & Oiliúint | 28 |
| Ráiteas ar Sheirbhísí – Tacaíocht & Forbairt Eagraíochtúil | 36 |
| Gluais | 40 |
| Leithdháileachán Buiséid & Caiteachas Tuartha | 41 |
| Gníomhaíochtaí Cláir | 42 |
| Gníomhaíochtaí Caipitil | 45 |

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

*Foireann:*
*níos mó ná* **1,100**

*Annual Budget:*
*níos mó ná* **€52 milliún**

*Méid mic léinn lán aimseartha:*
**4,009**

*Méid mic léinn breisoideachais agus oiliúna:*
**10,688**

*Ionaid Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí:*
**28**

*Scoileanna Chomhpháirtíochta:*
**4**

*Cláracha for-rochtana á sheachadadh i*
*níos mó ná* **100 ionaid**

# Boird Oideachais & Oiliúna

Is údaráis reachtúla iad BOOanna a bhfuil freagracht acu as oideachas agus oiliúint, obair don aos óg agus réimse feidhmeanna eile reachtúla. Déanann BOOanna bainistiú agus feidhmiú ar iarbhunscoileanna, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta ilchreidmheacha agus réimse ionad oideachais aosach agus breisoideachais agus cláir oideachais agus oiliúna á seachadadh. Leagtar amach san Acht um Boird Oideachas agus Oiliúna, 2013 na feidhmeanna ginearálta a bhaineann le Boird Oideachais agus Oiliúna.

**Struchtúr Geografach**
Tá sé BOO déag ar an iomlán ar fud an Chontae mar seo a leanas;



**Oideachas Leibhéil Bunscoile**
Tá BOOanna mar phátrúin cheaptha ar roinnt pobalscoileanna náisiúnta. Scoileanna iad seo a sa phobal áitiúil agus tá siad leanbh-lárnaithe, uileghabhálach, ilchreidmheach, faoi thacaíocht ag an Stát a dhéanann a ndícheall bunoideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil do gach leanbh de réir an Churaclaim Bhunscoile agus na dtreoirlínte a leag an Roinn Oideachais agus Scileanna síos.

**Oideachas Iar-Bhunleibhéil**
Déanann BOOanna bainistiú ar bheagnach aon trian de scoileanna iar-bhunleibhéil sa tír – oideachas do bhreis agus 100,000 mac léinn. Oibríonn siad polasaithe uileghabhálach rollacháin agus freastalaíonn siad ar líon suntasach mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu.

**Breisoideachas & Oiliúint**
Cuireann BOOanna breisoideachas agus oiliúint ar fáil do bhreis agus 200,000 duine fásta agus óg gach bliain. Déantar seirbhísí a sheachadadh trí chláir éagsúla chun freastal ar réimse éagsúil riachtanas, lena n-áirítear Litearthacht agus Uimhearthacht, Oiliúint Scileanna, Printíseachtaí, Ógtheagmháil, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas &rl.

**Seirbhísí Óige**
Déanann na Seirbhísí Óige seachadadh agus tugann tacaíocht do réimse clár do dhaoine óga.

**Tacaíochtaí Eile**
Déanann BOOanna comhoibriú chomh maith le gníomhaireachtaí eile, grúpaí, coláistí agus grúpaí pobail chun réimse clár a sheachadadh ag freastal ar riachtanais éagsúla na ngrúpaí cliant i bpobail áitiúla.

**BOOÉ (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann)**
Is é BOOÉ an comhlacht ionadaíochta náisiúnta do BOOanna ar baill iad agus déanann idirbheartaíocht ar son na hearnála BOO ag fóraim éagsúla san earnáil oideachais, sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus ag leibhéal AE.

`

# Réamhrá ón PF

Tá áthas orm fáilte a chur romhat chuig Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) do 2018. Forbraíodh an plean seirbhíse seo de réir ár riachtanas reachtúil, mar atá leagtha amach in Alt 47 den Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Sonraítear in Alt 47(1):

> *Déanfaidh príomhfheidhmeannach boird oideachais agus oiliúna, ar bhonn na teorann sealadaí le caiteachas arna cur in iúl le fógra don bhord faoi alt 46(1)(a), laistigh d'aon mhí amháin tar éis an fógra sin a fháil, plean a ullmhú agus a chur faoi bhráid an bhoird ina leagfar amach–*
>
> *(a) na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar, agus*
>
> *(b) meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an bhoird*

Sonraítear sa phlean seirbhíse seo na gníomhaíochtaí, caiteachas agus ioncam beartaithe do BOO Chiarraí in 2018. Eagraítear na seirbhísí Oideachais agus Oiliúna a sholáthraíonn an BOO timpeall ar thrí cholún, is é sin (1) Scoileanna, an Óige agus Ceol, (2) Breisoideachas agus Oiliúint, agus (3) Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Is de réir na dteorainneacha maoinithe a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus SOLAS in iúl don BOO a dhéanann BOO Chiarraí na seirbhísí oideachais agus oiliúna beartaithe a sheachadadh. Leagadh amach teorainn mhaoinithe €1,520,409 i litir chinnidh an ROS do BOO Chiarraí i leith 2018, agus sprioc ioncaim/fáltas €165,000.

Agus an plean seirbhíse seo á fhorbairt, tá BOO Chiarraí i mbun cainteanna straitéiseacha agus próiseas pleanála píolótach le SOLAS. Is éard a bheidh mar thoradh ar an bpróiseas pleanála straitéisí ná go bhfoilseofar plean trí bliana (2018, 2019 & 2020) i leith Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO) do BOO Chiarraí. Is é an leithdháileachán maoinithe tosaigh do BOO Chiarraí mar a fhaightear ó SOLAS do 2018 ná €24,470,000.

Chomh maith leis sin, rinne BOO Chiarraí forbairt le linn 2017 ar a Ráiteas Straitéise i leith 2018–2022. Seoladh go hoifigiúil é ar 5 Márta 2018, agus tá na naoi sprioc straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo ina bhonn thaca do phleanáil agus seachadadh sheirbhísí oideachais agus oiliúna BOO Chiarraí in 2018. Féadtar teacht ar chóip iomlán den Ráiteas Straitéise 2018–2022 ag www.kerryetb.ie.

Sna rannáin seo a leanas den Phlean Seirbhíse, tá tuilleadh sonraí tugtha ag na Stiúrthóirí maidir leis na pleananna i leith seachadadh seirbhíse oideachais agus oiliúna in 2018 ar fud na dtrí réimse colúin.

Le linn 2018, reáchtálfar deich gcruinniú de chuid Bhord BOO Chiarraí a bhfuil 21 comhalta air. Chomh maith leis sin, buailfidh na coistí Iniúchta agus Airgeadais BOO le chéile de réir na riachtanas reachtúil. Déanfar athbhreithniú míosúil ar fheidhmiú Phlean Seirbhíse 2018, déanfar athbhreithniú lár bliana chomh maith, agus foilseofar Tuarascáil Bhliantúil 2018 de réir Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is é sin faoi 30 Meitheamh 2019.

Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird, leis na Stiúrthóirí agus leis an bhfoireann uile a bhí páirteach i bpleanáil agus seachadadh ár seirbhísí do 2018 agus táim ag súil le hathbhreithniú, forbairt, agus feabhas leanúnach ar sholáthar seirbhísí i rith 2018.

**Colm McEvoy**
**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Cúlra

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, mar scaoileadh Choiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí a bhí ann roimhe. Tá struchtúr corparáideach aige atá déanta suas de choiste atá ceaptha go daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúcháin). Déanann BOO Chiarraí freastal ar limistéar an Chontae agus ar dhaonra de thimpeall 147,707 duine. Is é Ciarraí an cúigiú contae is mó as na 32 contae in Éirinn de réir limistéir agus an 15ú contae is mó de réir daonra. Is é an dara contae is mó as na sé chontae i gCúige Mumhan de réir limistéir, agus an ceathrú contae is mó de réir daonra. Rud atá uathúil ná nach bhfuil teorainn aige ach le dhá chontae eile: Contae Luimnigh ar an taobh thoir, agus Contae Chorcaí ar an taobh thoir theas.

**Seirbhísí BOO Chiarraí**

San áireamh sa tseirbhís a sholáthraíonn BOO Chiarraí tá oideachas bunleibhéil i bPobalscoil Náisiúnta nua a d'oscail i mí Lúnasa 2017, oideachas iar-bhunleibhéil in ocht nIar-bhunscoil chomh maith le Breisoideachas agus Oiliúint i ndeich gcinn de bhailte thar 20 ionad BOaO timpeall an chontae, chomh maith le Seirbhísí Óige agus Oideachais Cheoil i scoileanna. Déantar seachadadh ar gach seirbhís ag leibhéal áitiúil. Is iad seo sprioc-chliaint BOO Chiarraí:

- Mic léinn agus/nó a dtuismitheoirí/caomhnóirí
- Foghlaimeoirí fásta
- Lucht fágála scoile
- Cuardaitheoirí poist
- Daoine fostaithe ar mian leo uas-sciliú a dhéanamh nó athoiliúint a fháil
- Fostóirí atá ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na bearnaí ó thaobh scileanna
- Pobail agus Grúpaí Pobail ar fud an Chontae
- Daoine óga
- Oibrithe Deonacha agus Eagraíochtaí Deonacha


| Seirbhís | Líon na suíomh | Líon na Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| **Leibhéal Bunscoile** | 1 | 11 |
| **Leibhéal Iar-Bhunscoile** | 8 | 2,382 |
| **Iar-Ardteistiméireacht** | 4 | 662 |
| **Breisoideachas** | 19 | 8,500 |
| **Oiliúint** | 1 | 3,000 |
| **Iomlán an tSoláthair** | **33** | **14,555** |

# Misean BOO Chiarraí

Forbairt sochaí foghlama fad saoil i gCiarraí a fhorbairt, ionas go mbeidh rochtain ag cách a bhfuil cónaí orthu ann ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun a gcumas a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus shibhialta

# Bunluachanna BOO Chiarraí

Díríonn ár gcroíluachanna ar chinntiú go bhfuil an ceart ag gach duine teacht ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun a gcumas a bhaint amach.  Na luachanna seo ná Meas, Caighdeán, Cuimsiú, Comhionannas agus Foghlaim



## Limistéir agus Láithreacha Geografacha

**Nádúr Tuaithe an Chontae**
Tá formhór dhaonra Chiarraí ag cónaí i gceantair tuaithe (65%) taobh amuigh de na príomhbhailte.

Léirítear i nDaonáireamh 2016 gur tháinig méadú idir 2011 agus 2016 ar an difríocht sa mheán-aois idir ceantair tuaithe agus ceantair uirbeacha. In 2016, bhí an mheán-aois náisiúnta den daonra a raibh cónaí orthu i gceantair tuaithe 2.4 bliana níos sine ná an daonra i gceantair uirbeacha, i gcodarsnacht le difríocht 1.9 bliain in 2011. Is gné choitianta den daonra tuaithe é an laghdú i ndaoine idir 19 agus 25 bliain d'aois i gceantair tuaithe, de réir mar a bhogann daoine fásta óga ar shiúl chun dul ag staidéar agus ag obair. Is in olcas a théann sé chomh maith ó thaobh ráta beireatais ísle agus ionchas saoil níos faide.

Is amhlaidh an bonneagar bóithre gur minic turas gearr ó thaobh ciliméadar a bheith níos faide ó thaobh ama de ná mar a bheadh sé i gceantair eile le líonra bóithre níos fearr. Maidir leis na hachair tiomána sa chontae do dhaoine ag teacht ar sheirbhísí poiblí, tá 128.7km sa turas aduaidh ó Thairbeart go Dairbhre agus tógann sé os cionn 2 uair a chloig; tá 80km sa turas anoir ón Ráth Mhór go Daingean Uí Chúis agus tógann sé 1 uair agus 30 nóiméad. Cé go bhfuil freastal á dhéanamh faoi láthair ar an gcontae leis an bpríomhlíonra traenach agus ag Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí, is seirbhísí iompair poiblí annamh atá i gceist sna gceantair imeallacha. Tá idir dhúshláin agus deiseanna i gceist leis seo do BOO Chiarraí. In 2018, beidh BOO Chiarraí ag obair le Local Link Kerry chun comhoibriú níos fearr arís a chothú agus chun an breisoideachas agus oiliúint a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i bpobail tuaithe.

Mar fhreagra ar fhadhbanna tuaithe, oibríonn BOO Chiarraí scoileanna agus Ionaid BOaO i mbailte beaga ar fud an chontae, agus sna bailte uirbeacha níos mó. Tá forbairt déanta ag BOO Chiarraí ar chur chuige for-rochtana tuaithe straitéiseach i leith oideachas agus oiliúint a sheachadadh, agus tá seirbhísí ar fáil i ndeich cinn de bhailte agus beagnach 30 ionad a sholáthraíonn Iar-bhunoideachas agus Breisoideachas agus Oiliúint.

Cinntiú gur féidir le daoine teacht ar oideachas, ar mhaithe le forbairt phearsanta agus ghairmiúil araon. Tá a nideog uathúil féin ag gach ionad, agus leas á bhaint as buntáistí a láthair tuaithe. Tá gairdíní pobail agus áiseanna gairneoireachta ag roinnt ionaid BOaO, tá ceann eile ina speisialtóir sna healaíona pobail, tá cuid eile díobh i limistéir Ghaeltachta, agus tá cuid eile arís i lár príomhlimistéir talmhaíochta nó ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is deis chomh maith é an phróifíl daonra atá ag éirí níos sine de réir mar a thagann méadú leanúnach ar an éileamh ar oibrithe cúraim agus gairmithe cúraim sláinte a bhfuil oiliúint orthu.

**Tá Ionaid ag BOO Chiarraí in 10 mbaile:**

1. **Trá Lí**
2. **Cill Airne**
3. **Lios Tuathail**
4. **Oileán Chiarraí**
5. **An Tóchar**
6. **Cill Orglan**
7. **Daingean Uí Chúis**
8. **Cathair Saidhbhín**
9. **An Coireán**
10. **Neidín**

## 28 Ionad BOO Chiarraí: Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Oideachas Aosach agus Breisoideachas & Spórt

**Bunscoileanna**

1. Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle, Cill Airne

**Iar-Bhunscoileanna**

1. Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
2. Scoil Chuimsitheach an Tóchair
3. Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
4. Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí
5. Coláiste Pobail Chill Airne
6. Coláiste Pobail Chill Orglan
7. Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail
8. Coláiste Gleann Lí, Trá Lí

**Iar-Ardteistiméireacht (IAT)**

1. Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
2. Coláiste Pobail Chill Airne
3. Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh, Lios Tuathail
4. Coláiste Breisoideachais Chiarraí, Trá Lí

**Ionad Oiliúna**

1. Ionad Oiliúna BOO Chiarraí, Móin an Bhaile, Trá Lí.

**Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna**

1. Ionad Oideachais d'Aosaigh Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín
2. Ionad Oideachais d'Aosaigh an Tóchair, An Tóchar
3. Ionad Oideachais d'Aosaigh Neidín
4. Ionad Ealaíon Pobail agus Oideachais Tech Amergin, An Coireán
5. Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)**

1. SDOG Thrá Lí
2. SDOG Chill Airne
3. SDOG Lios Tuathail
4. SDOG Chiarraí Theas & Ógtheagmháil, Cill Orglan agus Ionad Oideachais d'Aosaigh Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín, Contae Chiarraí.

**Litearthacht Aosach & Bunoideachas**

1. Ionad Litearthachta Aosach & Bonnoideachais Thrá Lí
2. Ionad Pobail Oileán Chiarraí
3. Seirbhís Foghlama d'Aosaigh, Cill Airne
4. Oideachas d'Aosaigh agus Bunoideachas, Lios Tuathail

**Ógtheagmháil**

Cuireann BOO Chiarraí an clár Ógtheagmháil ar fáil in Ionaid BOO Chiarraí i gCill Airne, Ciarraí Theas, Trá Lí, agus i gcomhpháirtíocht chomh maith le Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí (KDYS) i dTrá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail.

**Seirbhís For-rochtana**
Tá os cionn 100 ionad ar fud an chontae.

**Ionaid Spóirt**
Tralee Regional Sports and Leisure Company Limited by Guarantee

**Oideachas Allamuigh**
Ionad Oideachais Allamuigh Cheapaigh na Lao, Cill Orglan.

**Scoileanna Comhpháirtíochta**

| Scoil | Comhphátrún/Iontaobhaithe | Ionadaíocht ar an BB |
|---|---|---|
| **1.** Pobalscoil Inbhear Scéine | **Iontaobhaithe** | **3** |
| **2.** Pobalscoil Chorca Dhuibhne | **Comhphátrún** | **3** |
| **3.** Scoil Phobail Shliabh Luachra | **Iontaobhaithe** | **3** |
| **4.** Scoil Chuimsitheach Thairbirt | **Iontaobhaithe** | **1** |

## Eolas staitistiúil maidir le Ciarraí

Tá spléachadh tugtha thíos ar na príomhstaitisticí maidir le Ciarraí ó thaobh déimeagrafaic, limistéir díothachta, leibhéil gnóthachtála oideachais, an margadh saothair agus dífhostaíocht, chomh maith le heitneacht agus teanga.


**Daonra**

- Léiríodh i nDaonáireamh 2016 go raibh daonra iomlán de 147,707 i gCiarraí. Díobh seo, ba bhaineannaigh iad 74,652 (méadú 2.4%) agus ba fhireannaigh iad 73,055 (méadú 0.6% ón daonáireamh deireanach). Idir 2011 agus 2016, tháinig méadú 1.5% nó 2,205 ar an daonra – an naoú ráta fáis is ísle sa Stát.
- Tá os cionn 35% de chónaitheoirí Chiarraí ina gcónaí i mbailte móra uirbeacha, agus tá an 65% eile ina gcónaí i limistéir a bhfuil daonra 1,500 nó níos lú iontu. Meastar go bhfuil Ciarraí ina limistéar tuaithe den chuid is mó.
- Bhog 24.3% de dhaonra Chiarraí sa tréimhse 2011–2016 go contae eile in Éirinn.

**Aois**


- De réir Dhaonáireamh 2016, bhí 44,612 leanbh óg agus duine óg ina gcónaí i gCiarraí (0–24 bliain). Ba ionann an figiúr seo agus 30.2% de dhaonra iomlán Chiarraí. Tá an sciar i gCiarraí níos ísle ná mar atá sa Stát (33.2%).
- Is féidir briseadh síos mar seo a leanas a dhéanamh ar na leanaí agus daoine óga (0–24 bliain): 0 go 4 bliana (9,020 nó 6.1%), 5 go 12 bhliain (15,905 nó 10.8%), 13 go 17 mbliana (9,602 nó 6.5%), agus 18 go 24 bliain (10,085 nó 6.8%).
- Níl dáileadh cothrom ar struchtúr an daonra ar fud an chontae, agus dá réir tá rátaí éagsúla cleithiúnais (is é sin Daoine Óga agus Daoine Scothaosta nach bhfuil ar fáil chun obair a dhéanamh). Tá roinnt difríochtaí idir Ciarraí agus an Stát, is é sin go bhfuil sciar níos lú de dhaonra Chiarraí taobh istigh de na cohóirt aoise níos óige (0 go 4, 5 go 9 &rl).
- I lár na pirimide daonra, tá sciar níos ísle de na cohóirt d'aois oibre níos óige (30 go 34, 35 go 39 &rl) i gCiarraí ná mar atá sa Stát.
- Ag barr na pirimide daonra, tá sciar níos mó de dhaonra Chiarraí laistigh de na cohóirt aoise scothaosta (70+).
- De réir Dhaonáireamh 2016, tá Ráta Cleithiúnais Óige ard ag Ciarraí. Laistigh de Chiarraí, is é Cill Orglan an baile a bhfuil an Ráta Cleithiúnais Óige is airde ann.
- Léirítear i bhfigiúirí 2016 an PSO gurb é an mheán-aois is airde in aon chontae in Éirinn ná 40.2 bliain. Tá Maigh Eo agus Ciarraí ar an taifead mar na contaetha a bhfuil an mheán-aois is airde iontu. Mhéadaigh an mheán-aois i ngach contae ó 2011. Ar an meán, tá daoine i Ciarraí deich mbliana níos sine ná iad siúd i bhFine Gall – an limistéar riaracháin is óige sa tír. Laistigh de Chiarraí, ba é Cill Airne an baile ba shine, agus tá meán-aois 40.9 bliain ann.

**Próifíl Aoise agus Cleithiúnais, Ciarraí Thuaidh, Thoir & Thiar**




*Foinse: POS 2016*

**Próifíl Aoise agus Cleithiúnais, Ciarraí Theas**





*Foinse: POS 2016*

**Cóimheasanna Aoise is Cleithiúnais Dhaonáireamh 2016 i gCiarraí i gcomparáid leis an Meán sa Stát**

| Ciarraí | Cóimheas Chiarraí | Cóimheas an Stáit | An Stát |
|---|---|---|---|
| **An dá ghnéas** | | | **An dá ghnéas** |
| Gach Aois (Cóimheas) | 57.3 | 52.7 | Gach Aois (Cóimheas) |
| Daoine 0–14 bliana d’aois (Cóimheas) | 30.7 | 32.3 | Daoine 0–14 bliana d’aois (Cóimheas) |
| Daoine 65 bliain d’aois nó níos sine (Cóimheas) | 26.7 | 20.4 | Daoine 65 bliain d’aois nó níos sine (Cóimheas) |
| **Fireannaigh** | | | **Fireannaigh** |
| Gach Aois (Cóimheas) | 56.9 | 52.6 | Gach Aois (Cóimheas) |
| Daoine 0–14 bliana d’aois (Cóimheas) | 31.3 | 33.3 | Daoine 0–14 bliana d’aois (Cóimheas) |
| Daoine 65 bliain d’aois nó níos sine (Cóimheas) | 25.6 | 19.2 | Daoine 65 bliain d’aois nó níos sine (Cóimheas) |
| **Baineannaigh** | | | **Baineannaigh** |
| Gach Aois (Cóimheas) | 57.7 | 52.9 | Gach Aois (Cóimheas) |
| Daoine 0–14 bliana d’aois (Cóimheas) | 30 | 31.2 | Daoine 0–14 bliana d’aois (Cóimheas) |
| Daoine 65 bliain d’aois nó níos sine (Cóimheas) | 27.7 | 21.6 | Daoine 65 bliain d’aois nó níos sine (Cóimheas) |

**Daonra na bhFireannach agus na mBaineannach de réir aoise i gCiarraí, 2016**
(Foinse POS 2016)



**Eitneacht**
De réir Dhaonáireamh 2016; bhí 968 duine den Lucht Siúil i gCiarraí (0.65% de dhaonra Chiarraí); bhí 698 duine i gcatagóir na nDaoine Gorma nó na nÉireannach Gorm le cúlra Afracach (0.47%); bhí 103 duine i gcatagóir na nDaoine Gorma nó na hÉireannach Gorm le cúlra eile (0.47%); bhí 261 duine i gcatagóir na nÁiseach nó na nÁiseach Éireannach le cúlra Síneach (0.18%); bhí 1,508 duine i gcatagóir na nÁiseach nó na nÁiseach Éireannach le cúlra Áiseach eile (1.02%); agus bhí 1,697 eile ann, lena n-áirítear daoine le cúlra measctha (1.45%).

**An Míchumas**
Bhí míchumas ar iomlán de 13.51% de dhaonra Chiarraí in 2016, (19,965 duine). Bhí míchumas ar iomlán de 13.7% de dhaonra baineannach Chiarraí in 2016. Is i dTrá Lí atá an ráta is airde. Bhí míchumas ar iomlán de 13.3% de dhaonra fireannach Chiarraí in 2016. Is i Lios Tuathail atá an ráta is airde.

**Míchumas de réir an Chineáil**
Daille nó dianlagú radhairc; bodhaire nó dianlagú éisteachta; bail a chuireann srian ar bhunghníomhaíocht fhisiciúil amháin nó níos mó; míchumas intleachta; deacrachtaí foghlama, cuimhne nó airde; bail shíceolaíoch nó mhothúcháin; breoiteacht ainsealach; deacrachtaí le gléasadh, folcadh a thógáil nó bogadh timpeall an tí; deacrachtaí an teach a fhágáil in aonar, deacrachtaí obair a dhéanamh nó freastal ar an scoil/coláiste; deacrachtaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile.

**Sláinte**
Is cuid den fhírinne laethúil i saol gach pobal agus seomra ranga go náisiúnta agus go domhanda é fadhbanna le sláinte mheabhrach.

Coinníonn an Fhondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú (NSRF) cuntas ar líon na ndaoine a thagann faoi bhráid na n-ospidéal tar éis féindochar a dhéanamh. I gcomparáid le háiteanna eile, is ag Ciarraí a bhí an cúigiú ráta is airde do 2015 i gcás fireannach faoi 25.


**Mí-úsáid Substaintí**
Coinníonn an Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (NDTRS) cuntas ar líon na ndaoine a lorgaíonn cóireáil in aghaidh mí-úsáid substaintí. In 2015, ba dhá oireadh an meán sa Stát é an líon daoine óga i gCiarraí a lorg cóireáil.

**Oideachas**
- Léirítear i dTuarascáil Théamach ar Ghnóthachtáil Oideachais an POS [1] go bhfuil méadú tagtha ar an ráta fostaíochta náisiúnta de réir mar a d'ardaigh leibhéil oideachais.
- Bhí ráta fostaíochta 85% ag daoine a raibh cáilíocht tríú leibhéil acu sa Dara Ráithe in 2017, i gcomparáid le ráta 35% dóibh siúd gan bunoideachas/gan oideachas foirmiúil.
- In 2016, bhí an ceathrú ráta is airde san AE ag Éirinn, is é sin 53%, i gcás cáilíochtaí tríú leibhéal i measc daoine idir 30–34.
- Tá tábhacht an oideachais mar réamhtháscaire fostaíochta agus torthaí dearfacha sláinte soiléir ó thorthaí an daonáirimh. Dá bhrí sin tá ról suntasach ag BOO Chiarraí ó thaobh cur le cáilíocht bheatha daoine i gCiarraí.

[1] *Tuarascáil Théamach ar Ghnóthachtáil Oideachais an POS*, seolta 22 Feabhra 2018, bunaithe ar thorthaí Dhaonáireamh 2016.

- Is é an scéal áitiúil, de réir Dhaonáireamh 2016, go bhfuil difríocht shuntasach idir leibhéil gnóthachtála oideachais i gCiarraí agus sa Stát. I gcoitinne, tá sciar níos airde leibhéil ghnóthachtála i gCiarraí sna leibhéil níos ísle oideachais, agus dá réir sciar níos ísle san ardoideachas.
- Bhí daonra iomlán 13,490 ag cónaí i gCiarraí nach raibh ach 'Bunoideachas nó Gan Oideachas Foirmiúil' acu. Ba ionann an figiúr seo agus 13.4% de dhaonra iomlán Chiarraí a raibh a gcuid oideachais críochnaithe acu. Bhí an sciar seo níos airde ná an meán sa Stát a bhí ag 12.5%, níos airde ná an meán i limistéar Thionól Réigiúnach an Deiscirt a bhí ag 12.6% agus níos airde ná an meán i réigiún an Iardheiscirt, is é sin 11.5%.
- Bunaithe ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 i leith Ceantair Bheaga, is i gCathair Saidhbhín a bhí an sciar is airde den phobal nach raibh ach 'Bunoideachas nó Gan Oideachas Foirmiúil' acu, ag ráta 16.2%.
- Is i nDaingean Uí Chúis a bhí an sciar is airde den phobal a raibh oideachas "tríú leibhéil" acu, ag ráta 34.7%.

**Aois (i mbandaí) ag ar Chríochnaigh Daoine Oideachas Lánaimseartha Foirmiúil**




**(Daonáireamh 2016)**

*Foinse: POS 2011*

- I gCiarraí Theas, d'fhág 14% d'fhireannaigh agus os cionn 11% de bhaineannaigh an scoil ag aois cúig bliana déag nó níos óige, agus i gcás 30% den daonra, ba ag an iar-bhunscolaíocht shóisearach a bhí an leibhéal is airde gnóthachtála oideachais.
- Go náisiúnta, chríochnaigh 13.2% den daonra a n-oideachas ag leibhéal bunscolaíochta. I gCiarraí Theas, áfach, tá 19 Thoghroinn (beagnach aon trian den limistéar iomlán feidhme) ina bhfuil an figiúr os cionn 20%.

**Toghranna i gCiarraí Theas ina bhfuil Sciar na nDaoine Gan Oideachas Foirmiúil nó le hOideachas Bunscolaíochta amháin os cionn 20% (Ceantair Bheaga i nDaonáireamh 2016)**

| Toghroinn | Limistéar Fóraim Pobail | Sciar 2016 gan ach bunscolaíocht |
|---|---|---|
| An Chluain/Doire Ianna | Uíbh Ráthach | 33.0 |
| Loch Broin | Neidín | 28.8 |
| An Caladh | Uíbh Ráthach | 26.4 |
| Gleann Locha | Neidín | 24.1 |
| An Gleann Mór | Neidín | 23.8 |
| An Mám | Ciarraí Láir | 23.6 |
| An Chlaoideach | Cill Airne | 23.1 |
| Cill Lonáin | Uíbh Ráthach | 22.7 |
| Gleann Lí | Neidín | 22.5 |
| An Currach Mór | Ciarraí Láir | 22.2 |
| An Currach Beag | Uíbh Ráthach | 22.0 |
| An Leac | Ciarraí Láir | 21.8 |
| An Licín | Ciarraí Láir | 21.7 |
| Ceannúigh/Máistir Gaoithe | Uíbh Ráthach | 21.6 |
| Trian Iarthach | Uíbh Ráthach | 21.0 |
| Toghroinn Fhíonáin | Uíbh Ráthach | 21.0 |
| Inse | Ciarraí Láir | 21.0 |
| Cill Ghobnait | Ciarraí Láir | 20.5 |
| Cill Gharraí an Lóndraigh | Ciarraí Láir | 20.4 |


*Foinse: POS 2016*

## Rátaí Dul Chun Cinn agus Cinn Scríbe Dhaltaí Ardteistiméireachta Chiarraí in 2016

- Shuigh 1,855 dalta san iomlán scrúdú na hArdteistiméireachta in 2016. As an bhfigiúr, chuaigh 82.8% nó 1,536 dalta chun cinn go dtí an tríú leibhéal. Bhí an sciar seo os cionn mheán an Stáit a bhí ag 77.8%, agus i gcomparáid le gach údarás áitiúil eile, ba é an cúigiú ráta dul chun cinn is airde sa tír.

## An Díothacht

- Léirítear in Innéacs Díothachta HP Pobal in 2011 (Haase agus Pratschke 2016) an leibhéal foriomlán rachmais agus díothachta ag leibhéal na gCeantar Beag, a raibh 18,488 ceann díobh in Éirinn in 2011. Bunaithe ar na Scóir Innéacs Choibhneasta do 2016, tá ceantar Chiarraí ar an iomlán ar an séú húdarás áitiúil déag is saibhre sa tír agus scóir -1.3 ann (go himeallach faoin meán). Tá sé seo faoi scór an Stáit, is é sin .6 (go himeallach os cionn an mheáin) agus faoi scór Réigiún an Iardheiscirt, is é sin 1.7 (go himeallach os cionn an mheáin).
- Laistigh de Chiarraí, tá dáileadh soiléir ar Scóir Innéacs Choibhneasta, is é sin go bhfuil na ceantair is saibhre i bhfoisceacht do Chill Airne, Trá Lí agus an tSnaidhm rangaithe laistigh den ghrúpa 'Rachmasach' (4.3% de na Ceantair Bheaga). Tá na Ceantair Bheaga is mó faoi mhíbhuntáiste den chuid is mó i gceantair tuaithe amhail Cathair Saidhbhín agus Leithinis Uíbh Ráthaigh, nó sna príomhionaid uirbeacha i Lios Tuathail agus Trá Lí.
- In 2016, bhí 984 teaghlach aon tuismitheora ar an liosta feithimh do thithe sóisialta i gCiarraí. Ba ionann an figiúr seo agus ráta 152.1 in aghaidh an 1,000 teaghlach aon tuismitheora i gCiarraí. I gcoibhneas le hÚdaráis Áitiúla eile, ba é seo an séú ráta is airde sa Stát agus bhí sé os cionn mheán an Stáit, is é sin 127.3.




Map 6.1: Pobal HP Deprivation Index, 2016 (Source: Pobal)

**-1.3**

Ba é seo scóir an Innéacs Coibhneasta Díothaithe HP Pobal le haghaidh Chiarraí in 2016.

**12.5%**

Ba é seo céatadán na gCeantar Beag i gCiarraí san aicme 'faoi an-mhíbhuntáiste'

**28.5%**

Ba é seo céatadán an daonra faoi 24 bliain d'aois a bhí ina gcónaí i gceantair 'faoi mhíbhuntáiste' nó 'faoi an-mhíbhuntáiste'

### Beochlár Chiarraí, Eanáir 2018

| Suíomh | Fireannaigh | Baineannaigh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Trá Lí** | 3,005 | 2,669 | **5,674** |
| **Lios Tuathail** | 1,422 | 1,103 | **2,525** |
| **Cill Airne** | 1,056 | 1,313 | **2,369** |
| **Cill Orglan** | 570 | 506 | **1,076** |
| **Daingean Uí Chúis** | 435 | 401 | **836** |
| **Cathair Saidhbhín** | 363 | 265 | **628** |
| **Neidín** | 343 | 361 | **704** |
| **Contae Chiarraí** | **7,194** | **6,618** | **13,812** |

*Foinse: POS 2016*


**An Dífhostaíocht**

- Mar gheall ar théarnamh staitistiúil nó ainmniúil gheilleagar na hÉireann ó dhuibheagán an mheathlaithe gheilleagair le deireanas, tá an dífhostaíocht tite go dtí tuairim is 7%. Cé go bhfuil an figiúr ceannlíne i gCiarraí cosúil leis an scéal náisiúnta, tá roinnt ceantar ard-dífhostaíochta ann go háitiúil, agus fianaise shoiléir ar dhífhostaíocht ó ghlúin go glúin.
- Tá siad seo níos coitianta sna heastáit tithíochta de chuid na n-údarás áitiúil agus sna pobail imeallacha tuaithe. Chomh maith leis sin, tá fadhb faoin tuath i gCiarraí maidir le tearcfhostaíocht, i bhfianaise na gcorrlach atá ag éirí níos gainne ar fheirmeacha agus an spleáchas ar fhóirdheontais AE agus ar íocaíochtaí díreacha.
- Tá an ráta rannpháirtíochta san fhórsa saothair íseal, go háirithe in áiteanna i Lios Tuathail, Oileán Chiarraí, Uíbh Ráthach agus Béarra, agus braitheann cuid mhaith den rannpháirtíocht ó mhná san fhórsa saothair ar fhostaíocht shéasúrach agus neamhchinnte in amanna san earnáil fáilteachais.
- Tá fadhb bhreise i gCiarraí Thuaidh sa chaoi is go raibh tionchar suntasach ann mar gheall ar an laghdú géar i dtalmhaíocht agus tógáil, ach i gCiarraí Theas tá an geilleagar níos éagsúla agus aird ar an turasóireacht.

**Fórsa Saothair**

- Léiríodh i nDaonáireamh 2016 go raibh 69,923 duine san fhórsa saothair i gCiarraí. Tráth an Daonáirimh, bhí 61,222 díobh seo ag obair agus bhí 8,701 dífhostaithe.
- Ba iad na hearnálacha tógála agus déantúsaíochta na príomhearnálacha a raibh tionchar diúltach orthu mar gheall ar ghéarchéimeanna geilleagracha 2008.
- Tá an earnáil Turasóireachta agus Talmhaíocht i measc na bhfostóirí is mó i gCiarraí. Braitheann post agus gnó amháin as gach cúig phost agus gnó ar an turasóireacht. Tá Ciarraí níos spleáiche ar an turasóireacht ná aon chontae eile in Éirinn.
- Tá os cionn 90% de na gnóthais ghníomhacha san Iardheisceart agus i gCiarraí ag fostú níos lú ná deichniúr.

**Próifíl Ghairme de réir Earnála i gCiarraí Thoir Theas, Ciarraí Thiar agus Éire, 2016**




*Foinse: POS 2016*

# Ráiteas i leith Seirbhísí – Stiúrthóir Scoileanna

**Iar-Bhunscoileanna, Obair don Aos Óg agus Forbairt Ceoil**

**Iar-Bhunscoileanna**
Tá ocht nIarbhunscoil ag BOO Chiarraí:

- Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
- Scoil Chuimsitheach an Tóchair
- Coláiste Gleann Lí
- Coláiste na Ríochta
- Coláiste na Sceilge
- Gaelcholáiste Chiarraí
- Coláiste Pobail Chill Airne
- Coláiste Pobail Chill Orglan

**Rollachán Iomlán Iarbhunscolaíochta 2017/2018:** 2,382

**Scoileanna Comhpháirtíochta**

- Pobalscoil Inbhear Scéine
- Pobalscoil Chorca Dhuibhne
- Scoil Phobail Shliabh Luachra
- Scoil Chuimsitheach Thairbirt

**Bunscoileanna**

- Thug an ROS faomhadh do Phobalscoil an Dá Mhíle, BOO Chiarraí, i mí an Mheithimh agus osclaíodh í i mí Mheán Fómhair 2017.
  Caidreamh Poiblí agus plean promóisin ar bun le haghaidh 2018/19
  **Rollachán 2017/2018: 11**

**An Clár Scoileanna i mbun Forbartha, Foghlaim Shaibhrithe (DSEL):**
Tá an Clár Scoileanna i mbun Forbartha, Foghlaim Shaibhrithe (DSEL) de chuid BOO Chiarraí ag leanúint le clár chuimsitheach bhliantúil tacaíochta do scoileanna a sholáthar ina ndírítear ar an méid seo a leanas:

- Feidhmiú na Sraithe Sóisearaí nua
- Forbairt Ceannaireachta do Phríomhoidí agus Príomhoidí Cúnta agus Meánbhainisteoirí ina n-áirítear tacaíocht sceidealaithe mhíosúil i leith cleachtas athmhachnaimh
- Féilire oiliúna Ceannaireachta Teagascaí do mhúinteoirí a dhíríonn ar straitéisí teagaisc le bonn fianaise chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú
- Pobail Chleachta (PCanna) i réimsí ábhair: Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Gaeilge, Matamaitic, Eolaíocht, Stair, Tíreolaíocht, Gairmthreoir, Corpoideachas & RSO
- Tionscnamh Pleanála do na Rannóga Ábhair i gcomhpháirtíocht le SFGM agus fócas ar straitéisí teagaisc agus TFC.
- Oiliúint ar Cleachtas Aisiríoch um Iompar Dearfach do mhúinteoirí agus bainisteoirí scoile

- Oiliúint TFC ar Microsoft 365 chun tacú le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú, agus ar bhainistiú doiciméad do mhúinteoirí, mic léinn agus bainisteoirí scoile
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta do bhainisteoirí scoile agus do bhaill foirne
- Forbairt CRS agus In-seirbhís
- Oiliúint do Chomhairlí Tuismitheoirí/Fóraim Tuismitheoirí
- Oiliúint do Chomhairlí/Fóraim Mac Léinn
- Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta
- Oiliúint 3 lae d'Fhoirne Tacaíochta do Mhic Léinn agus tacaíocht sheachtrach iarchúraim agus feitheoireacht arna soláthar ag gníomhaireachtaí páirtíochta, amhail an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus JIGSAW.

Tá tacaíocht á fáil ag na tionscnaimh thuas uile tríd an gcaidreamh straitéiseach idir BOO Chiarraí agus na seirbhísí tacaíochta seo a leanas: An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), Foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM), an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (SNTI), an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (STOS), an Clár um Oideachas Sóisialta agus Sláinte (COSS) agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile.

Eagraíonn BOO Chiarraí searmanas Bronnta Duaiseanna do Mhic Léinn mar aitheantas d'éachtaí acadúla agus seach-churaclaim na mac léinn uile i ngach ceann den 8 scoil. Freastalaíonn os cionn 250 duine ar an imeacht bliantúil bronnta duaiseanna do mhic léinn a reáchtáiltear i mí Eanáir gach bliain agus tá sé á reáchtáil ag an Institiúid Teicneolaíochta, ar príomhpháirtí oideachais de chuid an BOO í.

**Cuimsiú**

Cuireann BOO Chiarraí tacaíocht dhírithe agus iomlánaíoch ar fáil do mhic léinn le riachtanais speisialta. Tugtar tacaíocht do scoileanna múinteoirí a spreagadh chun leas a bhaint as an Dioplóma sa RSO atá maoinithe ag an ROS, agus dá réir ag cinntiú go bhfaigheann ár mic léinn a bhfuil RSO acu ardchaighdeán seirbhíse agus tacaíochta. Buaileann na Comhordaitheoirí RSO le chéile trí huaire sa bhliain chun cleachtas a roinnt agus aontú ar chaighdeáin cháilíochta. Tá gach scoil de chuid BOO Chiarraí ag feidhmiú an Chláir nua L2LP don tSraith Shóisearach.

Tá Ranganna Uathachais forbartha ag trí scoil; Coláiste Gleann Lí, Trá Lí, Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail agus Coláiste Pobail Chill Airne. Tá rang RSO ag Coláiste na Sceilge ina bhfuil mic léinn le gach cineál míchumas agus nach mbeadh in ann rochtain a fháil ar an gcuraclam iomlán. Le bliain anuas, chuaigh BOO Chiarraí chun cainte leis an gCoiste Seirbhísí do Leanaí chun Grúpa Oibre idirghníomhaireachta a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar a) cumarsáid éifeachtach agus ar chomhlántacht idir na scoileanna le ranganna speisialta agus na Seirbhísí Míchumais FSS cuí (KIDS/Seirbhísí Idirghabhála & Míchumais Chiarraí) agus b) conairí i leith dul chun cinn do mhic léinn nuair a aistríonn siad ó iar-bhunscoileanna. Tá BOO Chiarraí i mbun cathaoirleachta ar an ngrúpa seo agus tá sé comhaontaithe go mbuailfí le chéile gach ráithe. Tá tús curtha le comhphleanáil idir foireann KIDS agus comhordaitheoirí na ranganna speisialta i gColáiste na Ríochta, Coláiste Gleann Lí agus Coláiste Pobail Chill Airne d'fhonn tacú le mic léinn sna ranganna speisialta.

**Plean Gaeilge**

Tá an Scéim Gaeilge á feidhmiú ag BOO Chiarraí faoi láthair.

- Tá cúrsa TEG á chur i bhfeidhm faoi láthair don fhoireann.
- Tá BOO Chiarraí tar éis ionchur a thabhairt don Phróiseas Pleanála Teanga don Ghaeilge sna limistéir Ghaeltachta Ciarraí Thiar agus Ciarraí Theas.
- Tá BOO Chiarraí i mbun cur isteach ar bheith i gceannas ar an bPróiseas Pleanála Teanga i dTrá Lí.
- Cuirfear cúrsaí samhraidh ar fáil do dhaltaí bunscoile i dTrá Lí, i nDaingean Uí Chúis agus i mBaile an Sceilg i mí Iúil 2018.
- Cuireann 7 scoil de chuid BOO Chiarraí an rogha an Bhéaltriail Ghaeilge ar fáil don tSraith Shóisearach.
- Cuireann BOO Chiarraí Duais Boinn Airgid bliantúil ar fáil do na mic léinn a fhaigheann na gráid is airde i scrúdú béil Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.
- Déanann Gaelcholáiste Chiarraí, Coláiste na Sceilge (Aonad Gaeilge) agus Pobalscoil Chorca Dhuibhne comhoibriú gach bliain maidir le tionscnamh carad pinn a bhfuil sé mar bhuaicphointe air go mbíonn imeacht foghlama agus sóisialta ar siúl i bhFionntrá i mí na Bealtaine gach bliain.

**Forbairt Ceoil**

**Léargas Ginearálta**

- Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí (KMEP), arna bhunú ag BOO Chiarraí in 2010
- Príomhpháirtithe: BOO Chiarraí (ceanneagraíocht), Comhairle Contae Chiarraí, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí, Ealaín na Gaeltachta
- Déanann Coiste Stiúrtha COCC maoirsiú ar an Tionscadal Píolótach *Take Note*
- BOO Chiarraí i gceannas ar an gcomhordú & riarachán tionscadail
- Acmhainní páirtaimseartha
- Tionscnaimh fhéinmhaoinitheacha
- Tionscnaimh maoinithe ag comhpháirtithe (le Comhairle Contae Chiarraí, mar shampla)

**Cuspóirí**

- Rochtain ar chláir inacmhainne, il-seánra, teagaisc grúpa a leathnú amach do leanaí agus daoine óga
- Rochtain gheografach ar cheol a leathnú amach
- Tionscnaimh chóir don óige a fhorbairt agus a leathnú amach
- Rochtain a chur ar fáil do bhainc uirlisí ceoil
- Deiseanna taibhithe a mhéadú laistigh de phobail
- Deiseanna fostaíochta, oiliúna agus FGL a fheabhsú do cheoltóirí agus teagascóirí áitiúla

**Gaiscí**

- An tionscnamh Gutha agus Uirlisí *Tuition* i Scoileanna
- *Teicneolaíocht an Cheoil* i gCeardlanna Oideachais
- *Cumadóir Cónaithe* leis an ealaíontóir Kevin Gleeson
- An Tionscadal *Mentorship* do Bhannaí Ceoil leis na healaíontóirí Walking on Cars

- Tionscadal Meantóireachta do Chóir Óige leis an ealaíontóir Anita Lakner
- An Clár *Ceol don Óige* Kerry Banditz
- Tionscadal Ceoil don Óige KDYS
- Tionscadal Ceoil don Óige sa Ghaeltacht (*as Gaeilge*)
- Tionscadail Céatadán d'Ealaín

**Na figiúirí atá i gceist**

| | |
|---|---|
| 4 | Meantóirí Ealaíne |
| 7 | Réigiúin Chontae |
| 10 | Tionscnaimh Oideachas Ceoil |
| 14 | Teagascóirí |
| 40 | Scoileanna |
| 700 | Leanaí |

**Obair don Aos Óg**

Clár pleanáilte oideachais deartha chun críocha cabhrú le feabhas a chur ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga trína rannpháirtíocht thoildheonach, agus atá–

(*ár*) comhlántach dá n-oideachas agus dá n-oiliúint fhoirmiúil, acadúil nó gairmoideachas; agus

(*b*) curtha ar fáil go príomha ag eagraíochtaí deonacha um obair don aos óg.

(An tAcht um Obair don Aos Óg, Alt 3)

De réir an tsainmhínithe ar obair don aos óg:

- Tá sé oideachasúil agus roghnach, struchtúrtha agus córasach
- Comhlánaíonn sé an córas oideachais fhoirmiúil.

Sa chleachtas, áirítear leis an obair don aos óg soláthar uilíoch agus dírithe um obair don aos óg. Tionscadail KDYS (oibrithe óige íoctha), Clubanna Óige KDYS, grúpaí faoi éide (Gasóga, Brídíní) & grúpaí óige (club deonach/ceannairí grúpa).

**Buntáistí na hoibre don aos óg ó thaobh na ndaoine óga**

Seacht meicníocht láidre: scileanna cumarsáide, muinín agus gníomhú, pleanáil agus réiteach fadhbanna, caidrimh, cruthaitheacht agus samhlaíocht, éirim mhothúchánach.

**Tá freagracht reachtúil ag BOOanna i leith na hoibre don aos óg**

An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Alt 10):

(1) Is iad feidhmeanna ginearálta boird oideachais agus oiliúna–

(*j*) tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus

(*k*) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

**Feidhmeanna BOOanna na hÉireann i leith na hOibre don Aos Óg**

- Riar ar fhoinsí maoinithe agus tionscadail, mar shampla:
  - Tionscadail Speisialta chun Cabhrú le Daoine Óga faoi Mhíbhuntáiste (tionscadail SPY)
  - Lárionaid Eolais don Ógra

- Ciste Áiseanna & Seirbhísí 1 & 2 do Dhaoine Óga
- Scéim Deontais um Chlubanna Óige Áitiúla
- Tionscnamh Infhostaitheacht Óige / Ciste Caipitil Óige (Cineál 1 & 2)
- Le haghaidh tionscadail a fhaigheann maoiniú ón Aonad Gnóthaí Óige a bhfuil foireann íoctha acu.

*Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi cheannas Oibrithe Deonacha:*

- Freagrach go hiomlán as caighdeáin i ngrúpaí óige deonacha neamhspleácha (gan chomhcheangal).
- Tacú le feidhmiú na gcaighdeán le grúpaí atá comhcheangailte le heagraíochtaí náisiúnta

- Obair forbartha, mar shampla:
  - Tionscnaimh Meabhairshláinte Óige
  - Cuimsiú a chur chun cinn san obair don aos óg
    (mar shampla leis an earnáil míchumas, grúpaí LADT, grúpaí tacaíochta don Lucht Siúil)
  - Comhairle agus tacaíocht a sholáthar do thionscnaimh agus tionscadail áitiúla don óige
  - Tacú le bunú grúpaí óige nua
  - Oiliúint a sholáthar d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí óige
- Tá ionadaíocht ag BOO Chiarraí ar chomhlachtaí seachtracha, lena n-áirítear:
  - Coiste & Feidhmeannas na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC)
  - Taighde CYPSC & Grúpaí Oibre i leith Rannpháirtíocht na hÓige
  - Comhpháirtíocht um Chosc agus Grúpa Stiúrtha um Thacaíocht do Theaghlaigh (TUSLA)
  - Tascfhórsa ar Dhrugaí agus Alcól Áitiúil/Réigiúnach
  - JIGSAW Chiarraí
  - Comhairle na nÓg Chiarraí Grúpa Stiúrtha
  - Grúpa taighde um riachtanais speisialta do theaghlaigh Romach

- **Tacú le tionscnaimh eile**
  - Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí/Iarratasóir Music Generation
  - Fóram BOO Chiarraí do Mhic Léinn
  - Grúpa straitéise idirghníomhaireachta don Lucht Siúil

**An phríomhfhoinse mhaoinithe & tuairisciú chuig**

- an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
  Comhthéacs polasaí:
  - Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile
  - An Straitéis Náisiúnta Óige
  - Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Polasaí ar Chláir don Aos Óg.

**Coiste Oibre don Aos Óg BOO Chiarraí**

- Moltaí a chur faoi bhráid Bhord BOO Chiarraí maidir le feidhmíocht a chuig feidhmeanna oibre don aos óg.
- Plean oibre don aos óg a fhorbairt.
- 12 chomhalta, lena n-áirítear an BOO, ógeagraíochtaí, an earnáil reachtúil, daoine óga, comhalta comhthofa.

**Tosaíochtaí don Obair don Aos Óg**

Rialachas agus riarachán airgeadais agus maoirsiú feidhmíochta leanúnach ar fhoinsí maoinithe don aos óg, de réir na gCiorclán cuí agus phróisis maoirsithe BOO.

- Tacú le feidhmiú na Straitéis Náisiúnta Óige;
- Léargas ginearálta a choinneáil ar phróifílí den daonra óige, soláthar seirbhíse reatha, riachtanais agus deiseanna maidir le forbairt amach anseo;
- An t-iniúchadh obair don aos óg agus plean a chríochnú;
- Tacaíocht tugtha do Thionscnaimh Cáilíochta Caighdeán, lena n-áirítear:
    a) Tacaíocht leanúnach don Chreat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta le KDYS
    b) Comhtháthú na Scéime Deontais um Chlubanna Óige Áitiúla agus Caighdeáin Cháilíochta do Chlubanna agus do Ghrúpaí Deonacha agus
    c) Páirt a ghlacadh san athbhreithniú ar an gCreat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta, de réir mar a theastaíonn;
- Rannpháirtíocht leis an RLGÓ maidir leis an bhfoghlaim dea-chleachtais i leith seachadadh seirbhísí, lena n-áirítear tacaíocht d'fheidhmiú agus do luacháil an Tionscnaimh Infhostaitheachta Óige agus an Chláir Maoinithe Caipitil don Óige.

## Ráiteas ar Sheirbhísí – An Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna

In 2017, bheartaigh BOO Chiarraí iomlán de 10,711 tairbhí a sholáthar ar fud a sholáthair Breisoideachais agus Oiliúna agus úsáid á baint as buiséad beartaithe €25,331,804. Ba é 12,304 an líon iarbhír tairbhithe deireadh bliana i leith 2017.

In 2018, tá sé beartaithe ag BOO Chiarraí 10,989 áit Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí in éineacht le leithdháileachán buiséid iomlán tosaigh de €24,470,000, ach an leithdháileachán deiridh tairisceana de €26,381,427, ag glacadh páirt i dtimpeall 1,200 cúrsa lánaimseartha, páirtaimseartha agus oíche, ar fud na scéime, in 21 ionad éagsúla.

**Tairbhithe 2017**

| **Clár** | **Pleanáilte** | **Iarbhír** |
|---|---:|---:|
| Aosoideachas Bunúsach | 1,459 | 1,764 |
| Printíseachtaí | 304 | 332 |
| Oiliúint Chumaisc | 15 | 17 |
| Nasc-chúrsaí agus Bonnchúrsaí | 56 | 61 |
| TFO | 1,800 | 1,945 |
| Oideachas Pobail | 2,200 | 2,723 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 66 | 72 |
| BCTE lena n-áirítear Athlonnú Teifeach | 584 | 792 |
| Oiliúint Oíche | 900 | 930 |
| Uaireanta Comhoibrithe BOaO | 79 | 40 |
| DTAOB | 45 | 67 |
| IAT | 1,420 | 1,616 |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 175 | 209 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 845 | 928 |
| Oiliúint d'Oiliúnaithe | 267 | 272 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 22 | 18 |
| SDOG | 266 | 247 |
| Ógtheagmháil | 208 | 271 |
| **Iomlán** | **10,711** | **12,304** |

**Tairbhithe 2018*Tuartha***

| Clár | Pleanáilte |
|---|---:|
| Aosoideachas Bunúsach | 1,600 |
| Printíseachtaí | 360 |
| Oiliúint Chumaisc | 15 |
| Nasc-chúrsaí agus Bonnchúrsaí | 56 |
| TFO | 1,800 |
| Oideachas Pobail | 2,300 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 66 |
| BCTE lena n-áirítear Athlonnú Teifeach | 642 |
| Oiliúint Oíche | 900 |
| Uaireanta Comhoibrithe BOaO | 40 |
| DTAOB | 50 |
| IAT | 1,420 |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 175 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 725 |
| Oiliúint d'Oiliúnaithe | 320 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 22 |
| SDOG | 248 |
| Ógtheagmháil | 250 |
| **Iomlán** | **10,989** |

Leanfaidh BOO Chiaraí in 2018 leis an Straitéis BOaO SOLAS a fheidhmiú, ag obair ar na cúig phríomhsprioc seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **1** | **Scileanna don Gheilleagar** |
| **2** | **Cuimsiú Gníomhach** |
| **3** | **Soláthar Cáilíochta** |
| **4** | **Pleanáil agus Maoiniú Comhtháite** |
| **5** | **Seasamh an BOaO** |

**Scileanna don Gheilleagar**

Tá sé mar sprioc ag BOO Chiarraí breisoideachas agus oiliúint a thairiscint do lucht fágála scoile, do dhaoine atá dífhostaithe, chomh maith le fostaithe agus fostóirí. Seo thíos roinnt samplaí den chaoi a ndéanfar é seo in 2018.

- **Gnáthsholáthar:** Soláthraíonn BOO Chiarraí sraith iomlán deiseanna oideachais agus oiliúna thar réimse clár i roinnt ionad ar fud an chontae le cinntiú go bhfuil an fórsa saothair i gCiarraí ullmhaithe chun riachtanais na ngnóthas agus an tionscail áitiúil a chomhlíonadh. Bogfaidh céatadán áirithe d'fhoghlaimeoirí ar aghaidh chuig an breisoideachas agus chuig an ardoideachas, agus rachaidh an mhórchuid go díreach chun na hoibre. Tá patrún ann go deimhin ó thaobh mic léinn Ardoideachais ag filleadh ar an oiliúint tar éis an tríú leibhéal, chun scileanna sonracha a fháil i leith an ghnó agus an tionscail.

- **Ionad Oiliúna BOO Chiarraí:** tairgtear réimse leathan oiliúna tionscail sonraí ar fud na gcnuasach iomadúla gairme beatha. Leanann formhór na gcúrsaí ar aghaidh go díreach chuig fostaíocht inbhuanaithe. Leanfaidh an tIonad Oiliúna ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar bhearnaí scileanna áitiúla agus náisiúnta le réimse Clár Scileanna Sonracha do speisialtóirí, amhail Léiriú Craoltóireachta, Cothabháil Tuirbíní Gaoithe, Teicneoirí Suiteála Snáthoptaice. Soláthraíonn an tIonad Oiliúna réimse cáilíochtaí i gcnuasaigh ghairme do na Meáin Chumarsáide, Seirbhísí Airgeadais, Gnó, Riarachán, TFC, Gruagaireacht & Áilleacht, Iompar, Innealtóireacht, Díolacháin agus Margaíocht, Bia agus Deochanna, Turasóireacht, Spórt agus Fóillíocht, Seirbhísí Sláinte/Sóisialta, agus Tógáil. Tá Ionad Oiliúna BOO Chiarraí, i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus BOO na Gaillimhe-Ros Comáin tar éis forbairt a dhéanamh ar an tsraith Treoraithe Turais agus beidh siad á dtabhairt isteach in 2018, is é sin Treoir do Shlatiascaireacht Intíre agus Treoir do Shlatiascaireacht Muirí. I gcomhar le lucht Tionscail, tá forbairt agus seachadadh déanta ag BOO Chiarraí ar chúrsa chun oiliúint a chur ar Theicneoirí Suiteála Snáithín agus tagann an cúrsa seo le chéile go han-mhaith leis an gcúrsa reatha do Mhaoir Líne Lasnairde a bhfuil rath fíormhaith aige do shocraíochtaí iomlána poist. Tá Ionad Oiliúna BOO ag seachadadh cúrsaí sna hEalaíona Cócaireachta agus Fáilteachas chun riachtanais na dtionscal áitiúla turasóireachta agus fáilteachais a chomhlíonadh. Tá réimse cúrsaí á reáchtáil ag an Ionad Oiliúna don Turasóireacht Allamuigh i gCiarraí, amhail an cúrsa Gníomhaíochtaí Allamuigh do Theagascóirí agus an cúrsa do Theagascóirí Surfála agus do Ghardaí Tarrthála Trá. Tá cúrsa nua Innealtóireachta Muirí beartaithe le haghaidh 2018 chun na riachtanais d'fhoireann cháilithe a chomhlíonadh i mbádchlóis timpeall na tíre.

- **Printíseachtaí/Cúrsaí Oiliúna** Tá oiliúint printíseachta chéim a dó á soláthar ag BOO Chiarraí ó thaobh cúrsaí Leictreacha, Pluiméireacht, Siúnéireacht, Mótair, Feisiú (MAMF), Déantúsaíocht Miotail agus Saoirseacht Chloiche. Agus an t-ardú leanúnach ar chlárúcháin ar Phrintíseachtaí agus an t-éileamh atá á bhrú chun cinn ag fostóirí sna ceirdeanna traidisiúnta, tá BOO Chiarraí ag leathnú a chumas soláthair le ceardlanna/seisiúin ranga nua ar chúrsaí Leictreacha agus Pluiméireachta agus tá pleananna forbartha ag an BOO chun foirgneamh nua do phrintíseachtaí a thógáil ar láthair reatha de chuid BOO Chiarraí. Déanann BOO Chiarraí seachadadh ar Chéim 4 agus ar Chéim 6 sa tSaoirseacht Chloiche agus déanann monatóireacht ar Chéim 4 & 6 sa Mheicnicí Talmhaíochta, Cearpantóireacht agus Siúinéireacht. Cuireann BOO Chiarraí roinnt mhaith cúrsaí oiliúna ar fáil, idir línte Lasnairde, Teiripe Áilleachta, Riarachán

Sláinte agus Teicneoirí Tacaíochta TFC agus beidh an BOO ag forbairt agus ag tairiscint réimse níos leithne deiseanna do Chúrsaí Oiliúna de réir na Straitéise Náisiúnta. Is é BOO Chiarraí an soláthraí ceannais don Phrintíseacht Nua do Commis Chef a tugadh isteach in 2017 ar bhonn chéimneach agus tá grúpa méadaithe beartaithe do 2018 in 4 ionad nua. Tá BOO Chiarraí ag beartú forbairt a dhéanamh ar Phrintíseacht Nua do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní agus ar Chúrsa Oiliúna do Theicneoirí Innealtóireachta Muirí.

- Soláthraíonn Coláistí Breisoideachais Iar-Ardteistiméireachta bealaí malartacha chun cinn i leith an ardoideachais agus go díreach chun na fostaíochta. Is é seo an cás fós inniu agus léiríonn taighde BOO Chiarraí go bhfuil dul chun cinn láidir i gceist go díreach chun na fostaíochta, go háirithe sna réimsí cúraim shóisialta, miondíol, riarachán gnó agus tógála. Tairgeann cúrsaí IAT réimse soláthair thar na cnuasaigh gairme beatha, agus cuireann siad ar fáil oibrithe oilte sna hearnálacha cúraim shóisialta, miondíola, gnó agus seirbhísí go háitiúil.

  I gColáiste Breisoideachais Chiarraí, tá athshainmhíniú déanta ar rannóga agus tá béim curtha ar roinnt bronnta nua móra leibhéal 5 agus leibhéal 6 a thabhairt isteach don bhliain acadúil 2018/19. Tá siad seo i gceist i réimsí amhail an Cúram Sláinte, Faisean, TFC, Miondíol, Innealtóireacht agus cúrsaí sonraí réamh-oiliúna dírithe ar ghairmeacha beatha amhail an Mhúinteoireacht agus Léann an Oideachais agus Léann na nGardaí. Tá éileamh sonrach áitiúil ar na cláir seo agus tá siad freagairt chomh maith do réimsí fáis fostaíochta náisiúnta amach anseo. Tá tús curtha le roinnt comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal agus bunófar agus cuirfear i gcleachtas iad chun tacú leis na Céimithe KCFE ar áirigh leo bogadh ar aghaidh go rathúil chuig an mbreisoideachais. Don bhliain acadúil 2018/2019, beidh CBOOC ag gníomhú leis an tionscal áitiúil agus réigiúnach agus iad ag obair go comhoibríoch ar thionscadail "fíorsaoil" le cinntiú go bhfuil ár gcéimithe réidh chun na hoibre agus go hiomlán réidh go pearsanta agus go gairmiúil do shaol na hoibre. Ós rud é gurb é 2017 an bhliain a bunaíodh Coláiste Breisoideachais Chiarraí mar an t-aon Choláiste Breisoideachais "neamhspleách" i gCiarraí, leanfar in 2018/2019 leis an aistriú isteach ina Choláiste, ó thaobh na foghlama/teagaisc de, agus ó thaobh an chultúir de; le cinntiú gur turas oideachasúil dár mic léinn é atá ina eispéireas dearfach, lán-tacaithe agus a chuireann lena saol.

  In 2018, tá sé beartaithe ag BOO Chiarraí forbairt a bhrú chun tosaigh le go mbeidh Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh chomh maith ina Choláiste Breisoideachais "neamhspleách" ar an ábhar go bhfuil campas an choláiste á roinnt faoi láthair leis an iar-bhunscoil Coláiste na Ríochta. Leis na foirgnimh ar leithligh, beidh sé seo ina spreagadh d'fhorbairt agus méadú leanúnach an choláiste. Don bhliain acadúil 2018/19 tá réimse méadaithe cúrsaí ar fáil ag leibhéil 5/6 agus is é sprioc an choláiste na figiúirí a mhéadú go 210.

- **TFO:** Leis an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Obair de chuid BOO Chiarraí, tá bealach páirtaimseartha ar fáil i leith scileanna a shealbhú. Tá sé seo ina chlár ríthábhachtach do dhaoine atá ag obair ar mian leo uas-sciliú a dhéanamh agus tá sé á thairiscint in Ionaid Oideachais Aosach tuaithe BOO Chiarraí agus ag réimse leathan ionad for-rochtana, rud a thagann i gcabhair ar ionaid atá scoite amach ó na príomhbhailte. Déanann an clár freastal go háirithe ar na hearnálacha Cúraim Leanaí, Cúram Sláinte, Riarachán Gnó agus Miondíol.

- **Soláthar Saindeartha:** Déanann BOO Chiarraí ceangal díreach le fostóirí chun cúrsaí saincheaptha a dhearadh a chomhlíonann riachtanas sonrach tionscail. Sampla nua amháin do 2018 ná an cúrsa do Theicneoirí Innealtóireachta Muirí, a dearadh i gcomhar leis an tionscal go náisiúnta. Samplaí eile is ea na Cúrsaí do Theicneoirí Suiteála Snáithín in éineacht le Tranmission Links Ireland agus an Tógáil Claíocha Traidisiúnta a bheidh á sheachadadh chun uas-sciliú a thabhairt d'fhostaithe Oifig na nOibreacha Poiblí um athchóiriú.

- **Uasoiliúint d'Fhostaithe:** Tá réimse leathan roghanna Ranganna Oíche agus Oiliúna Oíche beartaithe le haghaidh 2018 do dhaoine atá ag obair ar mian leo uas-sciliú nó athoiliúint a fháil. Samplaí is ea: TFC (idir ECDL, Dearadh Idirlín agus CAD); Bainistíocht Mhaoirseachta; Párolla & Cuntais; Oiliúint & Forbairt; Comhairleoireacht; Grúmaeireacht Ainmhithe; cúrsaí don earnáil Seirbhísí Áilleachta; Táthú; Muilleáil.

- **Oideachas Pobail:** Cuireann sé seo cúrsaí neamhchreidiúnaithe bonnleibhéil ar fáil do dhaoine atá ag obair, amhail: Scileanna TFC (Idir Fhóin Chliste, an iPad agus Ríomhaireacht Bhunúsach); Díolacháin Mhiondíola; an tIdirlíon d'Fheirmeoirí agus an Mhatamaitic do Thuismitheoirí. Faoin Oideachas Litearthachta agus Bunoideachas d'Aosaigh, cuirtear na cúrsaí seo ar fáil: Litearthacht, Uimhearthacht, TFC Bunúsach, Scileanna Béarla, agus an Teoiric Tiomána.

- **Oideachas Bunúsach:** Cuirfidh an clár Litearthachta agus Bunoideachais cúrsaí saor in aisce ar fáil d'fhostóirí incháilithe/fostaithe a dteastaíonn bunoideachas uathu ó thaobh litearthachta, uimhearthacht, cumarsáid agus TFC, tríd an gclár náisiúnta Scileanna don Obair.

- **Treorú ón Rialáil:** Sa sceideal do 2018 tá freagra á thabhairt don éileamh ar chúrsaí á dtreorú ag an rialáil ó thaobh: Cúram Sláinte; Cúram Leanaí; Sláinte & Sábháilteacht; Garchabhair; Pas Sábháilte; Slándáil/Cosaint; Tiomáint Busanna/HGVanna; &rl., chomh maith le creidiúnú neadaithe i gcúrsaí faoi threoir ag an rialáil.

- **Beart nua sonrach chun tacú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach:** Tá Clár SDOG BOO Chiarraí anois ag soláthar níos mó cúrsaí ag leibhéal 3 agus 4 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ina bhfuil béim láidir ar chomhtháthú litearthachta agus uimhearthachta, forbairt scileanna TFC, sampláil scileanna agus scileanna gnóthaithe poist. Tá coigeartú déanta ar sholáthar IAT chun go n-áireofaí bonnchúrsaí le haghaidh réamh-phrintíseacht agus chun ullmhú don tríú leibhéal. Beidh tuilleadh gearrchúrsaí in 2018, amhail Do Thodhchaí a Chinneadh (rud a sheachadtar go náisiúnta ar iarratas ón RGFCS) agus DTAOB ina bhfuil gné láidir den treoir d'aosaigh comhtháite ann mar phríomhchuid den chúrsa. Tá Pleanáil Gairme mar chuid de gach cúrsa ina ndírítear ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

**<u>Cuimsiú Gníomhach</u>**

Tá traidisiún láidir ag BOO Chiarraí ó thaobh cuimsiú pobail agus sóisialta. Tá dhá phríomh-mhana ag BOO Chiarraí: Bí ar an duine is fearr atá tú in ann le BOO Chiarraí; Sochaí Foghlama a Chruthú i gCiarraí. Tá ionchur ag gach clár agus ionad don sprioc seo, ach seo roinnt samplaí de chláir áirithe a thugann ionchur suntasach sa réimse seo:

- **Litearthacht Aosach & Bunoideachas (LAB):** Muintir Chiarraí a ullmhú leis na scileanna litearthachta, uimhearthacht agus na scileanna bunúsacha TFC a theastaíonn chun páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol laethúil. Tá rátaí arda rannpháirtíochta i

gceist leis an Litearthacht Aosach & Bunoideachas ó thaobh daoine faoi mhíchumas agus daoine leochaileacha eile a bhfuil leibhéil ísle oideachais agus oiliúna acu. Trí Theagascóirí Deonacha Litearthachta a earcú agus oiliúint a chur orthu, cuirtear ar chumas daoine rud a thabhairt ar ais don sochaí, chomh maith le gníomhú mar chuid lárnach den tseirbhís agus uaireanta oiliúna á gcur ar fáil acu. Is réimse fáis tapúil é BCTE d'fhoghlaimeoirí a dteastaíonn oiliúint agus scileanna teanga uathu. Tá athstruchtúrú á dhéanamh ar an gclár uile Litearthachta Aosach & Bunoideachas in 2018.

- **Oideachas Pobail:** Tá oideachas á chur ar fáil ag an gclár i bparóistí ar fud na tíre. Is áit tosaigh lárnach é do mhórán daoine ar mian leo a muinín agus a scileanna sóisialta a fhorbairt, sula mbogann siad ar aghaidh chuig cúrsaí eile. Tá an clár chomh maith ina phríomhsheirbhís tacaíochta sa chontae do ghrúpaí deonacha agus pobail. Cabhraíonn sé le rannpháirtíocht agus cuimsiú pobail maidir le réimse leathan grúpaí agus daoine, lena n-áirítear grúpaí scoir ghníomhaigh, daoine scothaosta i limistéir atá scoite amach faoin tuath, Seideanna na bhFear, Grúpaí na mBan, Grúpaí Bithéagsúlachta agus Timpeallachta, chomh maith le grúpaí téarnaimh sláinte meabhraí.

- **Ionad Oiliúna Pobail Thrá Lí (IOP):** Tairgeann an IOP cláir leibhéal 3 & 4 do lucht fágála scoile luath idir 16 agus 21 le seirbhís tacaíochta iomlán timfhillteach agus meantóireacht duine ar dhuine.

- **SDOG, Ógtheagmháil agus Oiliúint Pobail:** Is bealaí ríthábhachtacha oideachais dara deis iad seo do lucht fágála scoile luath, nó do dhaoine atá amuigh ón oideachas le tamall fada agus ar gá dóibh a scileanna a thabhairt suas chun dáta. Díríonn an tsraith clár ar phríomhinniúlachtaí a fhorbairt, sampláil scileanna gairme beatha, agus taithí oibríonn a spreagann dul chun cinn chuig breisoideachas agus ardoideachas chomh maith le dul go díreach chun na fostaíochta i roinnt cásanna. Tairgtear an Ardteistiméireacht d'aosaigh trí SDOG.

- **TFO:** Is bealach páirtaimseartha chun scileanna a shealbhú é an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, agus is minic a spreagann sé fostaíocht. I bhfianaise go bhfuil sé páirtaimseartha agus nach gcaithfidh foghlaimeoirí táillí a íoc sa chás go bhfuil siad ag fáil leas sóisialach nó gur fhág siad an scoil go luath, is tacaíocht cuimsithe sóisialta é, go háirithe do dhaoine a bhfuil gealltanais teaghlaigh acu.

- **An Líonra Náisiúnta Foghlama (LNF):** Mar sholáthraí speisialaithe ar conradh le BOO Chiarraí, déanfaidh LNF réimse clár a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas ar gá dóibh breisoideachas agus oiliúint a fháil ag luas a oireann a stíl foghlama aonair.

- **Ionaid Oideachais d'Aosaigh:** Tá ról ag gach Ionad Oideachais d'Aosaigh de chuid BOO Chiarraí i bpobail tuaithe agus geilleagair áitiúla a chothú. Tá a réimse sonrach saineolais ag gach ceann díobh, idir na hEalaíona, Ghairneoireacht, Thurasóireacht agus Fháilteachas. Tá siad uile lonnaithe in áiteanna atá buailte go trom ag patrúin oibre séasúraí, ar gné lárnach é den chontae turasóireachta seo. Cuireann gach ionad meascán de chláir agus d'fhor-rochtain ar fáil i leith na Treorach d'Aosaigh. Osclaíodh ionad nua i nDaingean Uí Chúis in 2017 déanfar é seo a leathnú ar a sholáthar de réir na spriocanna náisiúnta do 2018. Déanfaidh na hionaid seo a soláthar a mhéadú trí oiliúint ar conradh agus cláir oiliúna oíche.

- **Seirbhís Treoir agus Eolais d'Aosaigh (KAGIS):** In 2017, thuairiscigh 64% de chliaint Fiosruithe Eolais go ndearna siad dul chun cinn nó gur thóg siad gníomh chun dul níos gaire dá sprioc. As na cliaint Treoirchomhairleoireachta, thuairiscigh 81% díobh go ndearna siad dul chun cinn nó go raibh siad cinnte maidir le treoir agus a sprioc ó bhí an chéad teagmháil acu leis an tseirbhís treoirchomhairleoireachta. Cé gur thuairiscigh 75% díobh gur thóg siad gníomh mar thoradh ar na seisiúin Treoirchomhairleoireachta Duine ar Dhuine, tógfar ar an rath seo in 2018 agus leanfar le treoir, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine chun a gcumas iomlán a bhaint amach. Oibreoidh KAGIS chomh maith leis an RGFCS agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta eile chun ceisteanna polasaithe sóisialta a aithint a imríonn tionchar ar fhoghlaimeoirí aosach agus tabharfaidh faoin athrú is gá a dhéanamh. Ba chóir go leanfadh na tacaíochtaí seo riachtanas an fhoghlaimeora agus nach gceanglófaí iad do chineál an chláir. Leanfaidh KAGIS le tacaíocht a thabhairt don phobal i gcoitinne le fiosruithe eolais agus d'fhoghlaimeoirí BOO Chiarraí lena riachtanais Treoirchomhairleoireachta d'Aosaigh.

<u>**Soláthar Cáilíochta**</u>

- **Dearbhú Cáilíochta:** Is príomhsprioc eagraíochtúil é feabhas leanúnach agus forbairt bhreise ó thaobh Dearbhú Cáilíochta. In 2018, leanfaidh BOO Chiarraí le forbairt a dhéanamh ar an Aonad nua BOaO um Dhearbhú Cáilíochta, agus feidhmeoidh an plean nua Feabhas Cáilíochta de réir riachtanais Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ).

- **Forbairt Clár:** Tógfaidh BOO Chiarraí ar an eispéireas in 2017 i dtaca le sraith úrnua Cláir Treoraithe Turais a bhailíochtú agus a thosú, chomh maith leis an gclár nua náisiúnta Printíseachtaí Commis Chef ag Leibhéal 6 (DCCÉ). Tá siad seo araon ríthábhachtach don gheilleagar áitiúil a bhraitheann go trom ar an aschur geilleagrach turasóireachta agus fáilteachais. Leanfaidh BOO Chiarraí de bheith nuálaíoch agus déanfaidh forbairt ar chláir don mhargadh áitiúil agus náisiúnta araon.

- **FGL Foirne:** Leanfar leis an bhfócas leanúnach ar an gcleachtas athmhachnamhach, ar an teagasc agus ar straitéisí agus scileanna foghlama i leith leas an fhoghlaimeora. Tá fás tagtha ar cheist na meabhairshláinte in BOaO agus riachtanais iomlánaíocha an fhoghlaimeora fásta le blianta beaga anuas. Teastaíonn cur chuige éagsúil ó thaobh pleanáil a dhéanamh ar riachtanais daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus i gcás daoine óga dífhostaithe nár oibrigh riamh. Leanfaidh BOO ag obair le SOLAS ar an tionscadal píolótach FGL Foirne i leith Ceannaireachta agus Bainistíochta.

- **Pobail Chleachta SDOG** In 2018 déanfaidh BOO Chiarraí Pobail Chleachta nua a bhunú sna príomhréimsí inniúlachta: Cumarsáid; Matamaitic; Taithí Oibre agus Éifeachtacht Phearsanta.

- **Pobail Chleachta BOaO:** Bunófar in 2018 sna réimsí seo a leanas na pobail chleachta nua uileghabhálacha BOaO: Treorú agus eolas; Margaíocht ar Chúrsaí agus Earcaíocht. Laistigh den dá cheann dheireanacha seo, oibreoimid ar critéir iontrála, ar sheiceálacha agus meaitseáil tosaigh agus ar straitéisí dul chun cinn inmheánacha, chomh promóisean agus earcaíocht do chúrsaí.

- **Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT):** In 2018, cuirfidh BOO Chiarraí bonnlínte ar bun maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear an teicneolaíocht sa soláthar BOaO. Beidh Straitéis FCT tugtha chun críche ag BOO Chiarraí, de réir straitéis náisiúnta SOLAS i leith FCT, chun inniúlacht ball foirne agus foghlaimeoirí a mhéadú maidir le teicneolaíocht a úsáid san oideachas agus san oiliúint, sa riarachán agus sa bhainistíocht, agus sa saol laethúil. Mar chloch choirnéil na straitéise FCT 2018, cuirfear tús le huasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar TFC, lena n-áirítear aistriú bonneagair TFC an Ionaid Oiliúna ó na líonraí SOLAS chuig bonneagar BOO Chiarraí. Is tosaíocht leanúnach fós é nascacht agus cothabháil ar áiseanna d'fhoghlaimeoirí agus baill foirne in ionaid ar fud an chontae. In 2018 cuirfear ar bun Tacaíocht Theicniúil Lárnaithe d'Ionaid BOaO.

- **Ionaid Foghlama Oscailte:** Tá dhá cheann de na Coláistí Breisoideachais de chuid BOO Chiarraí, is é sin Coláiste Breisoideachais Chiarraí i dTrá Lí, agus Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh i Lios Tuathail, tar éis Ionaid Foghlama Oscailte a fhorbairt chun tacú le foghlaimeoirí, go háirithe foghlaimeoirí a bhfuil míchumais orthu, ó thaobh cóiríocht réasúnach, scileanna staidéir, inniúlacht TFC, forbairt litearthachta agus scileanna scríbhneoireachta acadúla, spriocanna a leagan amach, forbairt phearsanta agus cumais éifeachtachta pearsanta. Tá áis ilmheán ag Ionad Oiliúna BOO Chiarraí, a chumasaíonn foghlaim féin-stiúrtha agus deimhniúchán ar líne.

**<u>Pleanáil agus Maoiniú Comhtháite</u>**

- **Polasaithe BOaO Uileghabhálacha:** Tá polasaithe láidre i bhfeidhm ag an eagraíocht. De réir mar a leanaimid orainn, áfach, ag obair ar chomhtháthú agus i dtreo chlaochlú na heagraíochta, déanfaidh BOO Chiarraí athbhreithniú agus leanfaidh le forbairt a dhéanamh ar pholasaithe comhtháthaithe BOaO i réimsí éagsúla, idir Rialachas Corparáideach, Bainistíochta Riosca, Sláinte & Sábháilteacht, Bainistíocht Teagmhas Criticiúil, Rollachán agus Leas Foghlaimeoirí.

- **Pleanáil & Buiséadú:** Tá córas daingean i bhfeidhm i leith moladh agus ceadú cúrsaí. In 2018, bainfimid úsáid as ár gcórais bainistíochta faisnéise agus déanfaimid monatóireacht ar an riachtanas áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta le cinntiú go bhfuil meascán cuí soláthair ann chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair, agus ar riachtanais shóisialta, phobail agus chultúrtha, ionas go mbeidh bealaí inrochtana ar fáil do mhuintir Chiarraí i dtreo na forbartha pearsanta agus gairmiúla.

- **CTFC, ITLM agus FETCH:** Príomhghníomhaíocht don bhliain a bheidh i gceist le faisnéis chruinn a ionchur ar an CTFC agus ITLM ionas go ndéantar pleanáil ar bhealach tráthúil ar ionchuir, ar mhonatóireacht ar aschuir agus ar thorthaí. Beidh acmhainní agus oiliúint shuntasach de dhíth lena aghaidh seo. Bainfimid úsáid agus cuirfimid FETCH chun cinn mar uirlis earcaíochta do chúrsaí. Dúshlán a bheidh i gceist le teacht isteach an bhunachair Foghlaimeoirí CTFC agus na n-acmhainní pleanála, ach ceann a thabharfaidh maoirsiú níos fearr ar deiridh maidir le soláthar, ag cinntiú nach bhfuil aon dúbláil ná bearnaí, agus ag an am céanna luach a chur ar fáil don cháiníocóir.

- **Ár nIonaid Oideachais d'Aosaigh a Fhorbairt:** Mar chontae tuaithe, tá an fhor-rochtain ina cuid lárnach den straitéis ag BOO Chiarraí. In 2017 osclaíodh Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh nua i nDaingean Uí Chúis. Is cuid den chúram é bhreathnú ar riachtanais fostaithe atá fostaithe go séasúrach; ar riachtanais ghnó sa cheantar; ar cheisteanna um chuimsiú sóisialta i gCiarraí Thiar; agus ar chosaint na Gaeilge. Féachfaidh Ionad Oideachais d'Aosaigh Neidín ar fhorbairt a dhéanamh ar

áiseanna nua Cócaireachta Gairmiúla de réir mar a ullmhaímid an Phrintíseacht Commis Chef a thabhairt isteach.

**Seasamh an BOaO**

- **Caidreamh le Fostóirí:** Rinne BOO Chiarraí píolótú ar Chóras Próifílithe Scileanna Ceirde agus Iarratais Cúrsa d'Fhostóirí atá ag iarraidh oiliúint dá bhfoireann. Leanfaimid orainn ag déanamh fáis ar ár bhfeidhm rannpháirtíochta le fostóirí, ag obair díreach leis an tionscal agus le gnóthais áitiúla i gcomhar leis an Oifig Fiontair Áitiúil agus le geallsealbhóirí eile. Mar chuid den straitéis seo do 2018, cuirfidh BOO Chiarraí Lámhleabhar Rannpháirtíochta Fostóirí ar fáil. Leanfaimid orainn ag obair le Fóram Scileanna Réigiúnacha an Iardheiscirt agus le foireann Rannpháirtíochta Fostóirí an RGFCS chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an obair seo.

- **Caidreamh Poiblí, na Meáin Chumarsáide agus an Mhargaíocht:** In 2018, leanfaidh BOO Chiarraí le hobair a dhéanamh ar sheasamh an BOaO, chun próifíl ard a chruthú don BOaO mar bhealach ardchaighdeáin i dtreo scileanna agus gairmeacha beatha. Is éard atá san áireamh i straitéis 2018 ná an tAonach BOaO, tacar nua fógraí pictiúrlainne, promóisean sna meáin chlóite agus chraolta, Eolairí Cúrsaí a chur ar fáil, FETCH a chur chun cinn, obair le scoileanna, tuismitheoirí agus cleachtóirí gairmthreorach chun seasamh BOaO a chur chun cinn mar an gcéad rogha seachas mar rogha cúltaca. Tá pobal an BOO leathan agus tá an teachtaireacht fairsing. Is cuid den obair s'againn in 2018 é mionathrú a dhéanamh air seo bhun brí a bhaint as ár ngnéithe uathúla díolacháin agus chun iad a chur in iúl go héifeachtach.

**Aonach BOaO 2018**

Déanfaidh BOO Chiarraí an tAonach Breisoideachais agus Oiliúna 2018 a reáchtáil Déardaoin 19 Aibreán ó 11.00 go 18.00 ag Óstán an Brandon, Trá Lí. Leanfaimid orainn ag tógáil ar rath na imeachta bliantúla seóthaispeántais BOaO seo ina nglacann baill foirne, foghlaimeoirí agus oiliúnaithe páirt i dtaispeántais bhríomhara scileanna, idir ghearradh cloch, priontáil 3D, ealaíona cócaireachta, treorú turas, gruagaireacht, áilleacht, cúram sláinte agus cúram leanaí, grúmaeireacht ainmhithe, ealaín agus grianghrafadóireacht, Teilifís, léiriú scannán agus raidió, cothabháil tuirbíní gaoithe, mótarmheicneoireacht, dearadh ríomhchuidithe, riarachán agus airgeadas. Déanfar achoimre sna cainteanna agus sna ceardlanna ar na deiseanna forbartha scileanna BOaO, agus ar thacaíochtaí, idir iarratas a dhéanamh le haghaidh dheontas SUSI, an Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas, agus na tacaíochtaí acadúla agus pearsanta atá ar fáil, lena n-áirítear Treoir d'Aosaigh. Bíonn tóir ag an bpobal i gcónaí ar an tob-bhialann ar an láthair, ar an salón áilleachta agus gruaige, agus ar an grúmaerlann madraí. Tugann an lá deis dúinn baill foirne a thabhairt le chéile ó na 20 ionad breisoideachais agus oiliúna atá i ndeich mbaile i gCiarraí. Ní amháin gur uirlis é an tAonach BOaO le haghaidh earcaíocht ar chúrsaí, cuireann sé chomh maith leis an sprioc náisiúnta feabhas a chur le seasamh, agus le tuiscint go deimhin, an BOaO i dtuairim an phobail. Is sprioc speisialta don bhliain seo é FETCH, an áis nua cuardaigh náisiúnta ar líne do chúrsaí BOO, toisc go bhfuil an fheidhm foghlaimeora ar fáil ar an gcóras anois.


## Ráiteas ar Sheirbhísí – An Stiúrthóir Tacaíochta & Forbartha Eagraíochtúla

Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as bainistiú feidhmiúcháin an BOO agus tacaíocht sa ról seo ag an PF ó thriúr Stiúrthóirí, is iad siúd:

- Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochtúla

Léiríonn na trí ról Stiúrthóra seo na trí cholún seachadta seirbhísí de chuid an BOO, agus tá údarás sannta go foirmiúil do gach ceann de na Stiúrthóirí ina nduine, de réir Alt 16 den Acht Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Léirítear ar an gcairt eagraíochtúil ardleibhéil seo a leanas an struchtúr ginearálta eagraíochtúil ar BOO Chiarraí.




Déanann an Stiúrthóir T&FE tuairisciú do PF an BOO, agus tá an Stiúrthóir freagrach as cabhrú leis an PF i gceithre phríomhréimse freagrachta:

- Ceannaireacht ar an bhfeidhm riaracháin eagraíochtúil ar fud an BOO.
- Rialachas agus bainistiú seirbhísí BOO
- Pleanáil don fhórsa saothair agus bainistíocht feidhmíochta
- Comhordú ar fhoireann bainistíochta an BOO atá faoi fhreagracht an Stiúrthóra seo ar T&FE.

Tá an Stiúrthóir T&FE freagrach as struchtúr cuimsitheach riaracháin a chlúdaíonn na príomhréimsí freagrachta amhail Airgeadas, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Breisoideachais

agus Oiliúna, Teicneolaíocht na Faisnéise agus Seirbhísí Corparáideacha. Is iad na Rannóga Tacaíochta Riaracháin Chorparáidigh atá lonnaithe i gCeannoifig an BOO ná:

- An Rannóg Airgeadais:
- An Rannóg Acmhainní Daonna
- An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
- An Rannóg Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- An Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí tiomanta do struchtúir, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt a chinnteoidh na caighdeáin is airde Rialachais Chorparáidigh. Leagtar amach sa chairt eagraíochtúil na réimsí soiléire freagrachta agus cinntíonn sé soiléire iomlán i dtéarmaí cuntasacht, tuairisciú agus caidrimh &rl. Tá cairteacha eagraíochtúla níos mionsonraithe ar fáil i leith gach colún den eagraíocht. Tá an fhoireann ar an eolas go hiomlán faoin struchtúr eagraíochtúil agus na caidrimh tuairiscithe.

**An Rannóg Airgeadais**
Tá BOO Chiarraí maoinithe go príomha ag an ROS chun a sholáthar Iar-Bhunscolaíochta a sheachadadh, agus ag SOLAS agus an ROS le haghaidh Cláir Breisoideachais agus Oiliúna. Is iad feidhmeanna príomha na Rannóige Airgeadais ná Bainistiú Iniúchóireachta, Soláthar, Creidiúnaithe, Bainistiú Cisteáin agus Próiseáil Párolla.

**An Rannóg Acmhainní Daonna**
Áirítear i bhfeidhmeanna príomha na Rannóige Acmhainní Daonna feidhmeanna Earcaíochta agus Roghnúcháin, Riarachán Pá, Aoisliúntas, Seirbhísí Fostaíochta, Pleanáil Acmhainní, Bainistiú Tinrimh. Fostaíonn BOO Chiarraí 1,123 ball foirne, 583 díobh lánaimseartha agus 540 díobh páirtaimseartha (bunaithe ar thuairisceán P35 i leith 2017). Tá na baill foirne seo fostaithe i láithreacha timpeall an Chontae (timpeall 28 Ionad de chuid BOO Chiarraí, os cionn 100 ionad seachtrach agus freisin i gcomhairle le heagraíochtaí eile.) Tá baill foirne á bhfostú in 28 catagóir fostaíochta (12 ar an bpárolla míosúil, agus 16 ar an bpárolla coicísiúil). Íoctar baill foirne ar 48 scála pá éagsúla leis an iliomad Téarmaí agus Coinníollacha casta.

**An Rannóg Teicneolaíochta agus Faisnéise Cumarsáide (TFC)**
Cuireann an Rannóg TFC tacaíocht theicniúil ar fáil do Cheannoifig BOO Chiarraí, agus déanann cothabháil agus forbairt ar shuíomh idirlín BOO Chiarraí. Fearas TFC a sholáthar ar fud na heagraíochta. Tacaíonn an Rannóg leis an úsáid fheabhsaithe as an teicneolaíocht i riarachán agus cumarsáid ar fud na heagraíochta. In 2018, tabharfaidh BOO Chiarraí isteach córas éileamh ar líne do mhúinteoirí agus do theagascóirí páirtaimseartha.

**An Rannóg Seirbhísí Breisoideachais & Oiliúna**
Tá an Rannóg Seirbhísí Breisoideachais & Oiliúna freagrach as tacaíocht riaracháin, agus tuairisciú airgeadais agus staitistiúil i dtaca le cláir bhreisoideachais BOO Chiarraí, lena n-áirítear an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Oideachas Pobail agus Oideachas Aosach & Bunúsach, SDOG agus an clár Ógtheagmháil. Déanann an Rannóg próiseáil chomh maith ar íocaíochtaí chuig SDOG agus Foghlaimeoirí Ógtheagmháil. Áirítear leis na feidhmeanna eile cabhrú leis an bpróiseas tairisceana maidir le hOiliúint faoi Chonradh.

**An Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil**

Is iad príomhréimsí freagrachta na Rannóige um Thacaíocht Chorparáideach & Forbairt Caipitil ná Tionscadail Chaipitil, Árachas, Bainistíocht Sócmhainní Seasta, tacaíocht riaracháin do na Coistí BOO um Iniúchadh agus Airgeadas, Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Nochtuithe Cosanta agus Sláinte & Sábháilteacht. Is sprioc phríomha de chuid na Rannóige é ná a chinntiú, laistigh de na hacmhainní a chuirtear ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgneamh feiliúnach agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na seirbhíse áirithe atá á soláthar agus go mbaineann an BOO an leas is fearr is féidir as ár n-áiseanna.

**Córais TFC**

Tá an tuairim curtha in iúl ag Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais BOO Chiarraí gur laige mhór é an easpa Córas ceart TFC-bhunaithe um Bainistiú Faisnéise don Bhainistiú Acmhainní Daonna.

**Ráiteas Straitéise**

Faoi Alt 27 den Acht, éilítear ar BOOanna Ráiteas Straitéise do thréimhse 5 bliana a ullmhú, glacadh leis agus é a chur faoi bhráid an Aire. Cuireadh Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018–2022 faoi bhráid Bhord an BOO ar 4 Nollaig 2017 agus seoladh oifigiúil beartaithe do 5 Márta 2018.

Ba é an aidhm a bhí againn ná straitéis a fhorbairt ina bhfuil léargas tugtha ar bhealach an-réadúil ar na spriocanna straitéiseacha roinnte i leith fhorbairt na heagraíochta thar na chéad cúig bliana eile romhainn agus chun fonn úinéireachta roinnte ar an Ráiteas Straitéise a fhorbairt.

Tá teimpléid tuairiscithe feidhmithe á bhforbairt do gach ceann de na trí cholún. Ligfidh sé seo dúinn taifeadadh agus foilsiú bliantúil a dhéanamh ar ár ndul chun cinn ó thaobh fheidhmiú na straitéise. Aithníodh naoi sprioc straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise:

1. Cláir Dearbhaithe Cáilíochta a Aithnítear go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta
2. Ardchaighdeáin Múinteoireachta agus Foghlama
3. Oideachas Nuálach agus Freagraí Oiliúna
4. Rochtain agus Dul Chun Cinn
5. Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt
6. Caidreamh le Páirtithe Leasmhara
7. Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht
8. Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid
9. An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

**Tuarascáil Bhliantúil**

Faoi Alt 28, éilítear ar an BOO Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna don bhliain roimhe. Foilseofar Tuarascáil Bhliantúil 2016 BOO Chiarraí sa chéad ráithe de 2018 agus foilseofar Tuarascáil Bhliantúil 2017 faoin 30 Meitheamh 2018.

**Tacaíocht a thabhairt don Bhord BOO agus é a éascú**

Tá an Bord freagrach i bpáirt as rath an BOO a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí an BOO a stiúradh agus a rialú. Tá feidhmeanna forchoimeádta na mBord leagtha amach in Alt 12 den Acht um BOO, 2013.

Tá an bord freagrach i bpáirt as cinntiú go bhfuil córas dóthanach agus cuí rialuithe inmheánacha ordaithe ag an PF, lena n-áirítear bainistíocht riosca. Tá obair an Bhoird tacaithe ag roinnt Coistí agus ag Boird Bhainistíochta na Scoileanna/na nIonad aonair. Is Coistí lárnacha iad na Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais (Alt 45). Déanann na Coistí seo scrúdú agus tuairisciú ar ghnóthaí airgeadais an Bhoird agus cabhraíonn le feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí an Bhoird a chomhlíonadh.

Faoin gCód Cleachtais um Boird Oideachais & Oiliúna a Rialú (CL 18/2015), déantar foráil do chreat chun dea-chleachtas sa Rialachas Corparáideach a fheidhmiú in BOOanna agus foráiltear do Théarmaí Tagartha do na Coistí Iniúchóireachta & Airgeadais araon.

**An Coiste Iniúchóireachta:** Is é feidhm an Choiste Iniúchóireachta ná scrúdú agus cíoradh a dhéanamh ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí, tuairiscí iniúchóireachta inmheánaí agus deimhnithe an PF agus iad a thuairisciú don Bhord de réir na nósanna imeachta. Tá seisear comhaltaí ar an gCoiste.

**An Coiste Airgeadais:** Is é feidhm an Choiste Airgeadais ná tuairisciú a thabhairt don BOO i leith cé acu an bhfuil an PF ag feidhmiú an Phlean Seirbhíse laistigh de na teorainneacha caiteachais nó nach bhfuil. Déantar é seo trí na cuntais mhíosúla agus na tuairiscí ad hoc a chuireann an PF ar fáil a chíoradh. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste Airgeadais.

**Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Chiarraí, 2016–22**

Tá BOO Chiarraí tiomanta go hiomlán do chomhoibriú idirghníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla gheilleagracha agus phobail agus tá cáil air le fada ó thaobh a ionchur an-chuimsitheach i leith phleananna forbartha áitiúla agus contae a phleanáil agus a fheidhmiú. Is iad seo a leanas na gníomhartha tosaíochta a bhfuil BOO Chiarraí i gceannas orthu in PÁGP 2016–22.

| **Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Chiarraí, 2016–22** | |
|---|---|
| **Gníomhartha** | **Ceanneagraíocht** |
| Scrúdú a dhéanamh ar an infhaighteacht reatha i leith oiliúna agus printíseachtaí agus nuair is cuí, an dá cheann a chur chun cinn laistigh de na hearnálacha tógála, innealtóireacht, déantúsaíocht, bia ceirde, cultúr na healaíne, scannánaíocht, beochan agus oidhreacht. Oiliúint agus printíseachtaí breise a fhorbairt nuair a aithnítear bearnaí | BOO Chiarraí, ITTL |
| Forbairt ar ionad muirí i gContae Chiarraí | BOO Chiarraí |
| Oibriú laistigh de chomharghnó Chomhpháirtíocht Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí chun *Take Note* a fheidhmiú, sraith oideachais ceoil neamh-phríomhshrutha do leanaí agus do dhaoine óga | BOO Chiarraí |
| Dul i gcomhairle le pobal an Luchta Shiúil agus le gníomhaireachtaí a thugann tacaíocht dóibh agus chun bearta dírithe a sholáthar chun a riachtanais shonracha oideachais a chomhlíonadh | BOO Chiarraí, an Roinn Oideachais, IT Thrá Lí |
| Tacú le Forbairt agus Feidhmiú Straitéis Óige BOO Chiarraí chun Plean Oibre HCYPS a chomhlánú | BOO Chiarraí |

## Gluais

| **Téarma** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| AO | Ard-Oideachas (mic léinn) |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| BOaO | Breisoideachas & Oiliúint |
| CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| CNCC | Creat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta (don Obair don Aos Óg) |
| COCC | Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí |
| CRS | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| CSFFS | An Clár Scoileanna i mbun Forbartha, Foghlaim Shaibhrithe |
| CSOS | Clár Sóisialta agus Oideachais Sláinte |
| CTFC | Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir |
| DCCÉ | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| DTAOB | Dianteagasc in Aosoideachas Bunúsach |
| FETCH | Mol Breisoideachais & Oiliúna |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| FSSM | Foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí |
| IAT | Iar-Ardteistiméireacht |
| IOP | Ionad Oiliúna Pobail (Trá Lí) |
| ITLM | Córas um Iarratais agus Tuairisciú Leithdháileacháin Maoinithe/SOLAS |
| KDYS | Kerry Diocesan Youth Service (Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí) |
| PÁGP | Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail |
| PCanna | Pobail Chleachta |
| PF | Príomhfheidhmeannach |
| RLGÓ | An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige |
| ROS | An Roinn Oideachais & Scileanna |
| RSO | Riachtanas Speisialta Oideachais |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| SFGM | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| SNTI | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| SPY | Tionscadail Speisialta chun Cabhrú le Daoine Óga faoi Mhíbhuntáiste (tionscadail SPY) |
| STOS | Seirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide |
| TFO | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |

## Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## Leithdháileachán Buiséid agus Caiteachas Tuartha

| | Leathanach Tagartha | Bliain dar críoch 31/12/2018 | Bliain dar críoch 31/12/2017 |
|---|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | € | € |
| Scoileanna & Deontais Cheannoifige | | 27,527,490 | 24,223,482 |
| Deontais Bhunscoileanna | | 20,000 | 25,179 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | | 26,381,429 | 25,098,411 |
| Deontais i leith Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | | 3,000 | 13,967 |
| Deontais i leith Seirbhísí Óige | | 301,000 | 616,623 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha | | 2,842,038 | 2,698,007 |
| Caipiteal | | 2,963,276 | 2,096,299 |
| | | 60,038,233 | 54,771,968 |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | | |
| Scoileanna & Ceannoifige | 39 | 27,527,490 | 25,151,775 |
| Bunscoil | 39 | 30,000 | 48,095 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 40 | 26,381,429 | 25,730,567 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 40 | 3,000 | 11,862 |
| Seirbhísí Óige | 40 | 301,000 | 585,784 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinit | 41 | 2,842,038 | 2,732,652 |
| Caipiteal | 42 | 3,071,792 | 1,272,055 |
| | | 60,156,749 | 55,532,790 |
| **Farasbarr/(Easnamh) Airgid don Tréimhse** | | (118,516) | (760,822) |

## Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

### Gníomhaíochtaí Cláir

| Scoileanna & Íocaíochtaí Ceannoifige | Líon na Mac Léinn | An Bhliain dar Críoch 31/12/2018 Pá | Neamhphá | Iomlán | An Bhliain dar Críoch 31/12/2017 Líon na Mac Léinn | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | | € |
| **PÁ** | | | | | | |
| Teagasc | | 22,138,825 | - | 22,138,825 | | 19,939,256 |
| Riarachán | | 2,196,002 | - | 2,196,002 | | 2,236,348 |
| Cothabháil | | 656,161 | - | 656,161 | | 513,244 |
| | | 24,990,988 | 0 | 24,990,988 | | 22,688,848 |
| | | | | | | |
| **NEAMHPHÁ** | | | | | | |
| Riarachán | | | | 600,000 | | 649,949 |
| Cothabháil | | | | 900,000 | | 901,499 |
| Teagasc | | | | 160,000 | | 178,778 |
| | | | | 1,660,000 | | 1,730,226 |
| | | | | | | |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | | | | | |
| An Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile | | | | 308,995 | | 299,887 |
| Clár Críochnaithe Scolaíochta | | | | 170,000 | | 164,428 |
| Deontas DEIS & Teagmhálaithe Baile agus Scoile | | | | 85,000 | | 94,198 |
| Maoirsiú Scrúduithe | | | | 2,500 | | 2,400 |
| Deontas Leabhar | | | | 77,190 | | 90,658 |
| Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh | | | | 12,000 | | 14,663 |
| An Idirbhliain | | | | 21,280 | | 11,023 |
| Cúntóirí Teanga Iasachta | | | | 16,000 | | 16,000 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach *(Per Capita)* | | | | 8,305 | | 4,101 |
| Caipitíocht don Lucht Siúil | | | | 6,030 | | 6,049 |
| Deontais TSCS | | | | | | 0 |
| Deontas do Ranganna Speisialta | | | | | | 240 |
| Cúrsaí Inseirbhíse | | | | 50,000 | | 50,000 |
| Fisic, Ceimic, agus Eolaíocht | | | | 3,445 | | 3,074 |
| Bonneagar TFC | | | | 95,757 | | 76,000 |
| Deontas ceadaithe ag an ROS i leith trealaimh riachtanas speisialta | | | | 20,000 | | 22,440 |
| Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile | | | | | | 160 |
| | | 0 | 0 | 876,502 | | 855,321 |
| | | | | | | |
| **Bunscoil** | | | | 20,000 | | 48095 |
| | | | | **27,547,490** | | **25,322,490** |

## Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

### Gníomhaíochtaí Cláir

| ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA | An Bhliain dar Críoch 31/12/2018 | | | | | An Bhliain dar Críoch 31/12/2017 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oiliúnaithe / Tairbhithe | Pá | Neamhphá | Liúntais | Iomlán | Oiliúnaithe / Tairbhithe | Iomlán |
| **Breisoideachas** | | € | € | € | € | | € |
| SDOG | 248 | 1,464,120 | 261,629 | 925,830 | 2,651,579 | 247 | 2,755,874 |
| Ógtheagmháil | 250 | 1,608,450 | 364,136 | 488,653 | 2,461,239 | 271 | 2,353,790 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 1,800 | 632,700 | 52,500 | - | 685,200 | 1,945 | 631,603 |
| Litearthacht Aosach | 1,622 | 577,616 | 174,384 | - | 752,000 | 1,782 | 858,199 |
| Oideachas Pobail | 2,300 | 252,600 | 59,800 | - | 312,400 | 2,723 | 301,929 |
| An tSeirbhís Gairmthreorach um Oideachas Aosach | | 189,600 | 12,460 | - | 202,060 | - | 193,239 |
| Tionscnamh Riachtanas Speisialta Ógtheagmháil | 25 | - | - | 58,500 | 58,500 | 25 | 68,250 |
| Caipitíocht IAT | 1,420 | - | 40,000 | - | 40,000 | 1,616 | 147,194 |
| Cíos IAT | | | 150,000 | - | 150,000 | | - |
| Measúnú DCCÉ a cuireadh le chéile go háitiúil | | - | 90,000 | - | 90,000 | - | 94,546 |
| Clár do Dhídeanaithe Aosach | 42 | 0 | 0 | - | - | 68 | 131,597 |
| Dian-Teagasc | 50 | 47,000 | 5,000 | - | 52,000 | 67 | 61,101 |
| Litearthacht Teaghlaigh DEIS | | 17,000 | 1,500 | - | 18,500 | - | 23,182 |
| | | | | | | | |
| Seirbhísí Síceolaíochta | | - | 28,000 | - | 28,000 | - | 35,702 |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | | - | 8,000 | - | 8,000 | - | 5,284 |
| Creat Cáilíochta | | - | 2,500 | - | 2,500 | - | 2,484 |
| Maoiniú Breise i leith Aosoideachais agus Breisoideachais | | 467,735 | 1,169,700 | - | 1,637,435 | - | 1,353,686 |
| Deontas i leith an Chláir Bhreisoideachais | | 456,671 | 393,329 | - | 850,000 | - | 812,186 |
| BCTE | 600 | 91,500 | 500 | - | 92,000 | 724 | 104,225 |
| | 8,357 | 5,804,992 | 2,813,438 | 1,472,983 | 10,091,413 | 9,468 | 9,934,071 |
| | | | | | | | |
| **Oiliúint** | | | | | | | |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe (SOS) | 175 | - | 1,619,406 | 1,125,350 | 2,744,756 | 209 | 2,690,986 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 0 | - | - | - | - | - | - |
| Nasc-chúrsaí, Bonnchúrsaí & Oiliúint Scileanna | 781 | - | 2,267,809 | 2,011,075 | 4,278,884 | 989 | 4,528,758 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 66 | - | 619,815 | 185,140 | 804,955 | 72 | 804,078 |
| Foireann & Oibríochtaí na nIonad Oiliúna | | 2,453,597 | - | - | 2,453,597 | - | 2,952,158 |
| Cúrsaí Oiliúna | 320 | - | 735,234 | 1,058,020 | 1,793,254 | 272 | 1,480,431 |
| Printíseachtaí | 360 | - | 1,417,500 | 1,567,500 | 2,985,000 | 332 | 2,391,128 |
| Costais Oibriúcháin | | - | 950,000 | - | 950,000 | - | 881,772 |
| Cúrsaí Oíche | 900 | - | - | 260,000 | 260,000 | 930 | 40,496 |
| Ceardlanna Ceartais | | - | - | - | - | - | - |
| | | | | | | | |
| Foghlaim ar Líne/ Foghlaim Chumaisc/ Leabharlanna | 15 | - | - | 19,570 | 19,570 | 17 | 22,833 |
| Coinneálacha | | - | - | - | - | | - |
| | 2,617 | 2,453,597 | 7,609,764 | 6,226,655 | 16,290,016 | 2,821 | 15,792,640 |
| | | | | | | | |
| **Iomlán** | **10,974** | **8,258,589** | **10,423,202** | **7,699,638** | **26,381,429** | **12,289** | **25,726,711** |
| | | | | | | | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ I LEITH SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO MHIC LÉINN** | | | | | | | |
| Deontais agus Scoláireachtaí | | | 3,000 | | 3,000 | 6 | 11,862 |
| | | | | | **3,000** | | **11,862** |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ I LEITH SEIRBHÍSÍ ÓIGE** | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| Deontas i leith na hÓige faoi Mhíbhuntáiste | | | | | 190,000 | | 186,616 |
| An tAcht um Obair don Aos Óg (An Plean Forbartha Náisiúnta um Obair don Ógra) | | | | | 71,000 | | 361,342 |
| Deontas i leith Clubanna Óige (An Rannóg Spóirt) | | | | | 40,000 | | 37,826 |
| | | | | | **301,000** | | **585,784** |

**Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí**

**Gníomhaíochtaí Cláir**

| ÍOCAÍOCHTAÍ GNÍOMHAIREACH | An Bhliain dar Críoch 31/12/2018 | | | | | An Bhliain dar Críoch 31/12/2017 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oiliúnaithe / Tairbhithe | Pá | Neamhpl | Liúntais | Iomlán | Oiliúnaithe / Tairbhithe | Iomlán |
| | | € | € | € | € | | € |
| An Clár Béilí Scoile | | | | | 240,000 | | 208,945 |
| Momentum | | | | | 0 | | 1,770 |
| Mic Léinn faoi Mhíchumas | | | | | 50,000 | | 42,182 |
| Teagascóirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann | | | | | 15,000 | | 15,000 |
| Comhpháirtíocht Cheoil | | | | | 20,000 | | 29,707 |
| Erasmus | | | | | 30,000 | | 13,806 |
| Clár Ealaíne | | | | | 7,100 | | 7,100 |
| Scileanna Saoil Chiarraí | | | | | 60,000 | | 17,364 |
| | | 0 | 0 | 0 | 422,100 | | 335,874 |
| | | | | | | | |
| ÍOCAÍOCHTAÍ FÉINMHAOINITHEACHA | | | | | | | |
| Ionad Oideachais Allamuigh Cheapaigh na Lao | | | | | 1,100,000 | | 1,074,005 |
| Staidéar Iarscoile | | | | | 90,000 | | 86,858 |
| An Clár Náisiúnta Scileanna don Obair | | | | | 12,652 | | 31,347 |
| BOO Scileanna | | | | | 91,055 | | 16,265 |
| FSS/Oideachas Pobail | | | | | 34,000 | | 33,869 |
| Tionscadail Scoile | | | | | 650,000 | | 698,807 |
| IAT Féinmhaoinitheach | | | | | 400,000 | | 384,793 |
| Bainistíocht Breisoideachais | | | | | 17,231 | | 105,933 |
| Daingean Uí Chúis, féinmhaoinitheach | | | | | 0 | | 941 |
| Ciste Phádraig Mhic Phiarais/Iontaobhas Jeffers | | | | | 25,000 | | 7,997 |
| | | | | | 2,419,938 | | 2,440,815 |

**Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí**

**Gníomhaíochtaí Caipitil**

| CAIPITEAL | | | An Bhliain dar Críoch | An Bhliain dar Críoch 31/12/2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| **Fáltais** | | | | |
| An Roinn Oideachais & Scileanna | | | 2,571,792 | 2,367,872 |
| SOLAS | | | 91,484 | 262,516 |
| Eile | | | 300,000 | - |
| | | | **2,963,276** | **2,630,388** |
| **Íocaíochtaí** | | | | |
| 1 | Ionad Oideachais Allamuigh Cheapaigh na Lao | Athsholáthar Dín | - | 54,337 |
| 2 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Athchóiriú ar an Seomra Eolaíochta | 102,000 | 369 |
| 3 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Cóiríocht bhreise 2012 | - | 28,370.54 |
| 4 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Scéim Oibreacha Éigeandála – Díon | 782 | 34,180 |
| 5 | Coláiste Gleann Lí | Tionscadal Scartha/Aonad Riachtanas S | 1,676,084 | 142,807 |
| 6 | Coláiste na Ríochta | Céim 2 Scéim Oibreacha Samhraidh 20 | 71,847 | 43,130 |
| 7 | Coláiste na Ríochta (Lios Tuathail) | Cóiríocht Bhreise/Eile | - | 48,143 |
| 8 | Coláiste na Sceilge | Scéim Oibreacha Éigeandála 2017 – Téa | 35,409 | 4,683 |
| 9 | Gaelcholáiste Nua | Scoil Nua | 200,000 | 110,835 |
| 10 | Caipiteal BOaO | Aighneacht SOLAS | 340,000 | 189,015 |
| 11 | Coláiste Pobail Chill Airne | Cóiríocht bhreise – Aonad Riachtanas Sp | 250,000 | - |
| 12 | Coláiste Pobail Chill Airne | Scéim Oibreacha Éigeandála 2017 – Dío | 56,901 | 43,267 |
| 13 | Coláiste Pobail Chill Orglan | Tionscadal Oibreacha Éigeandála | - | 19,071 |
| 14 | Coláiste Pobail Chill Orglan | Céim 2 Scéim Oibreacha Samhraidh 20 | 2,094 | 92,220 |
| 15 | Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle | Athchóiriú Éigeandála | - | 41,948 |
| 16 | Scoileanna éagsúla | Scéim Oibreacha Samhraidh 2014 | - | 696 |
| 17 | Scoileanna éagsúla | Scéim Oibreacha Samhraidh 2016 | 36,675 | 418,983 |
| 18 | Obair don Aos Óg | Scéim Maoinithe Caipitil | 300,000 | |
| | | | **3,071,792** | **1,272,055** |